

ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014

**CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA
NACH bhFUIL SCAIRCHAIPITEAL AICI**

BUNREACTH

de chuid

GAELOIDEACHAS

Uimhir chláráithe 317146

Dáta corpraithe 15 Nollaig 1999

ACHT NA GCUIDEACHTAÍ, 2014

CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA NACH BHFUIL SCAIRCHAIPITEAL AICI

BUNREACTH

-de chuid-

GAELOIDEACHAS

MEABHRÁN COMHLACHAIS

1. **Ainm**

Is é ainm na Cuideachta GAELOIDEACHAS.

2. **Saghas na cuideachta**

Cuideachta atá inti atá faoi theorainn ráthaíochta, atá cláraithe faoi Chuid 18 d’Acht na gCuideachtaí, 2014.

3. **Príomhchuspóirí**

Is iad seo leanas na príomhchuspóirí dá mbunaíodh an Chuideachta (na “Príomhchuspóirí”):

- (a) Chun feidhmiú thar ceann scoileanna bunoidreachais agus iarbhunoideachais, ar oileán na hÉireann arb é a bpolasaí oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, sa scoil ina iomláine nó i gcuid den scoil, agus chun cearta, riachtanais agus polasaithe na scoileanna sin, a chur in iúl agus a mhíniú d’institiúidí Stáit agus don phobal;
- (b) Chun tabhairt faoi bhunú agus forbairt scoileanna arb é a bpolasaí oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, ar oileán na hÉireann;
- (c) Chun cuidiú le tuismitheoirí a gcearta maidir le hoideachas trí Ghaeilge a dheimhniú agus a dhearbhu, agus a gceart a bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i bhfoghlaím a gcuid páistí sa bhaile, sa phobal agus sa scoil a threisiú;

- (d) Chun comhoibriú a chothú in earnáil na réamhscolaíochta agus chun leanúnachas ó leibhéal go leibhéal sa chóras oideachais lánGhaeilge agus Gaeltachta a éascú agus a dheimhniú;
- (e) Chun rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt leanúnach pholasaí oideachais agus teanga an Stáit;
- (f) Chun tionscadail a chur chun cinn a bhfuil sé mar chuspóir acu pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a bhunú, a bhuanú nó a threisiú;
- (g) Chun pé cúrsaí eile a eagrú a bheidh, de thuras na huaire, ina gcúrsaí carthanúla de réir bhrí Ailt 207, Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó aon síneadh modhnaithe nó athachtú a dhéanfaí air.

4. **Fochuspóirí**

Mar chuspóirí atá teagmhasach agus coimhdeach le baint amach na bPríomhchuspóirí, beidh na fochuspóirí a leanas ag an gCuideachta:

(a) Fochuspóirí Tacaíochta

- (i) Chun comhairle, oiliúint, ábhair agus seirbhísí tacaíochta eile, a chur ar fáil do scoileanna arb é a bpolasaí oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge; do scoileanna eile de réir mar a shocróidh Bord Stiúrthóirí na Cuideachta ó am go chéile; agus do sheirbhísí réamhscoile atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge;
- (ii) Chun cúrsaí oiliúna, cúrsaí eile, áiseanna oiliúna, seimineáir, agus cruinnithe do bhunaitheoirí, do bhainisteoirí, do thuismitheoirí agus d'fhoirne scoileanna, do sheirbhísí réamhscoile agus do fhorais eile a réachtáil, a chur ar fáil, a chothú agus a fhorbairt.

(b) Fochuspóirí Abhcóideachta

- (i) Chun feidhmiú mar pháirtneir oideachais, aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun na gcuspóirí sin, agus abhcóideacht a dhéanamh thar ceann scoileanna agus seirbhísí réamhscoile arb é a bpolasaí oideachas agus seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, agus ar cheisteanna ábharthachta eile a bhaineann le polasaithe oideachais, polasaithe teanga agus polasaithe Gaeltachta;
- (ii) Chun cruinnithe poiblí, cruinnithe eile, seimineáir, cúrsaí de gach aon chineál, agus aon áis chuí a mheastar a bheith oiriúnach agus inmholta a réachtáil, a chur ar fáil, a chothú agus a fhorbairt agus chun cuidiú lena leithéid in aon bhealach is cuí d'fhonn eolas agus tuiscint ar an nGaelscolaíocht, ar oideachas Gaeltachta agus ar an réamhscolaíocht lánGhaeilge a chraobhscaoileadh.

(c) Feidhmeanna Taighde agus Dea-chleachtais

- (i) Chun staidéar a dhéanamh, taighde a thionscnamh agus scéimeanna píolótacha a chur sa tsúil, maidir le haon cheann de na cuspóirí atá luaite thuas;

(ii) Chun plé, staidéar, taighde agus scrúdú a dhéanamh ar fhorais, ar chórais agus ar fhoinsí idirnáisiúnta de réir mar is cuí i ngach a mbaineann le cur chun cinn cuspóirí na Cuideachta, agus cruinnithe, seimineáir agus cúrsaí éagsúla a reáchtáil go leithleasach nó i gcomhpháirt le forais idirnáisiúnta sa Stát nó taobh amuigh de, nó úsáid ar bith a bhaint as imeachtaí nó áiseanna aon fhorais idirnáisiúnta ar bith ar mhaithe le cur chun cinn aidhmeanna agus cuspóirí na Cuideachta agus comhoibriú agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí oideachasúla mionteangacha i dtíortha eile a gcuid cuspóirí a bhaint amach.

(d) Comhoibriú le Páirtithe Leasmhara eile

(i) Chun comhoibriú le haon eagraíocht eile, bíodh sí ag feidhmiú in aon ghníomhaíocht oideachasúil nó ná bíodh, chun aon cheann de na cuspóirí atá luaite anseo a chur chun cinn agus chun áiseanna, cúrsaí oiliúna agus obair thaighde i leith aon cheann de na cuspóirí atá luaite anseo a chur chun cinn ach go háirithe;

(ii) Chun idirbheartaíocht i gcomhar leis na húdaráis dhlisteanacha chuí agus faoina réir a dhéanamh nuair is cuí, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le ranna stáit eile, le gach údarás agus foras poiblí, oideachasúil agus eile, le tuismitheoirí agus le dreamanna eile, agus le duine ar bith eile, agus idir aon nó gach dream díobh seo, am ar bith, i ngach a mbaineann le cuspóirí na Cuideachta mar a shonraítear sa Bhunreacht seo iad, fad is nach gcuireann an mhír seo aon srian ná bac d'aon chineál ar fheidhmiú (c) (ii) thuas;

(iii) Chun deontais thacaíochta a chur ar fáil le haghaidh tionscadal, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar iarratais, do scoileanna, d'fhorais nó d'institiúidí a bhfuil mar aidhm acu oideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn;

(iv) Chun feidhmiú mar phátrún i gcomhpháirt nó go leithleach ar scoileanna, ar choláistí agus ar fhorais eile mar is cuí.

(e) Fochuspóirí Oiliúna agus Forbartha Ghairmiúil

(i) Chun scéimeanna, deontais agus scoláireachtaí a thionscnamh le haghaidh oiliúna gairmiúla do dhaoine oiriúnacha atá nó a bheadh ag iarraidh dul i mbun oibre san oideachas trí mheán na Gaeilge nó i ngníomhaíochtaí gaolmhara;

(ii) Chun sainchomhairle, cúrsaí teagaisc, múinteoireacht, léachtaí, taispeántais agus litríocht a sholáthar maidir leis na cuspóirí seo nó le haon chuspóir díobh.

(f) Fochuspóirí Fostaíochta

(i) Chun a bhfuil riachtanach de phearsanra a fhostú agus gach a bhfuil riachtanach nó innhianaithe nó úsáideach de threalamh, d'innealra, d'earraí, d'ábhair agus de rudaí a chur ar fáil le haghaidh na gcuspóirí sin nó le haon chuspóir de chuid na Cuideachta;

(ii) Chun pearsanra a theagasc agus a oiliúint de réir mar a mheasfar a bheith fóirsteanach ar mhaithe le haon cheann nó le gach ceann de chuspóirí na Cuideachta;

(iii) Chun lucht foirne na Cuideachta a chur ar pinsean agus airgead scoir a dheonú dóibh, faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an gCuideachta agus, más gá sin, ciste scoir a chur ar fáil le haghaidh na gcuspóirí sin.

(g) Fochuspóirí Caidrimh Chumarsáide agus Foilseacháin

(i) Chun poiblíocht de chineál ar bith a dhéanamh chun cuspóirí na Cuideachta a chothú agus chun litríocht, catalóga, póstaer, cláir, irisí, leabhair, paimfléid, físteipeanna, caiséid, ceirníní, dlúthdhioscaí agus cd-romanna, bogearraí, nó aon áis chumarsáide eile a réiteach, a chlóbhualadh, a fhoilsiú, a scaipeadh, a dhíol nó a cheannach, nó na nithe sin nó aon chuid de na nithe sin a dhéanamh i gcomhpháirt le haon ghrúpa nó duine eile agus aon chonradh is gá agus is cuí chuige sin a cheangal leis an bpáirtí eile;

(ii) Chun aon irisí nó foilseacháin, foclóirí, catalóga, páipéir, paimfléid agus leabhair de gach sórt a sholáthar, a chur i gcló, a fhoilsiú, a chur in eagar nó cuidiú, gníomhú, comhfhreagairt, tacaíocht nó páirtíocht a thabhairt chun iad a sholáthar.

(h) Fochuspóirí Airgeadais agus Maoine

(i) Chun feidhmiú mar Cheanneagraíocht i réimse an oideachais agus an réamhoideachais lánGhaeilge agus Gaeltachta, faoi réir comhaontú le Foras na Gaeilge i dtaca le maoiniú a chur ar fáil chun na feidhmeanna atá sonraithe in Aguisín 1 den chomhaontú sin, agus faoi réir mar a leasófar an Aguisín sin ó am go ham, a chomhlíonadh;

(ii) Chun síntiús de gach cineál a iarraidh, a bhailiú nó a fháil, bídís faoi choinníoll nó ná bíodh, agus deontais a ghlacadh gan choinníollacha nó ar choinníollacha speisialta fhad is a réitíonn na coinníollacha speisialta sin leis na cuspóirí a bhfuil an Chuideachta bunaithe orthu;

(iii) Chun crannchuir, aonaigh shaothair, bailiúcháin phoiblí, agus bealaí eile chun airgead agus maoin a chruinniú, a reáchtáil, a chur ar siúl, a chothú, agus a fhorbairt go leithleach nó i gcomhpháirt le duine nó grúpa eile;

(iv) Chun aon mhaoin réadach nó phearsanta agus aon cheart nó pribhléid a cheannach, a thógáil ar léas nó mar mhalairt ar rud nó ar cíos nó in aon slí eile agus foirgnimh nó déanmhais a thógáil, a chothú agus a aistriú agus chun aon chuid de mhaoin nó de chearta na Cuideachta a dhíol, a fheabhsú, a bhainistiú, a ligean nó a thógáil ar léas, a fhorbairt agus a thabhairt mar mhalairt ar rud, a mhorgáistiú nó a stiúradh in aon slí eile ar bith;

(v) Chun airgead a fháil ar iasacht, ar chuntas bainc nó in aon slí eile nó íocaíocht airgid a bhaint amach trí mhorgáiste, trí bhannaí, trí bhintiúir, trí bhíllí malairte, trí nótaí gealltanais nó trí urraíocht ar bith eile ón gCuideachta agus maoin nó sócmhainní na Cuideachta nó aon chuid díobh a chur ina muirear;

(vi) Chun aon chuid d'airgead agus d'acmhainn na Cuideachta nach bhfuil ag teastáil láithreach chun críche cuspóirí na Cuideachta a chur ar ús, trí bhannaí nó a chaitheamh ar mhaoin ar bith a cheaptar a bheith oiriúnach;

(vii) Chun cibé polasaithe árachais a mheasfaidh na stiúrthóirí a bheith riachtanach a cheannach;

(viii) Chun aon mhaoin réadach nó phearsanta a cheannach trí aistriú, trí thíolacas, trí dheonú, trí shannadh nó trí léas, í a mhalartú, a fhruiliú nó a fháil ar dhóigh eile ar maoin í a fhéadfar a theachtadh go dlíthiúil, maille leis na cearta uile nó eile is dóigh leis an gCuideachta a bheith riachtanach nó áiseach chun críche a cuspóirí;

(ix) Chun gníomhú mar iontaobhaí aon mhaoine, réadach nó phearsanta i gcomhair aon chuspóra díobh sin nó i gcomhair cuspóra ar bith eile a dhealródh a bheith fabhrach do chuspóirí na Cuideachta;

(x) Chun deontais, síntiúis agus bronntanais, ar mhodh ar bith (cibé acu d'eastát réadach nó d'eastát pearsanta iad) agus réadtiomnaithe agus tiomnachtaí i gcomhair gach ceann nó aon cheann de na cuspóirí réamhráite a ghlacadh, a iarraidh agus a bhailiú, agus chun gach eastát réadach (léasachtaí san áireamh) a bhailiú agus chun gach eastát réadach (léasachtaí san áireamh) a gheofar amhlaidh agus nach gá nó nach féidir a áitiú chun críche na Cuideachta a dhíol agus a dhiúscairt nó (sa mhéid a cheadaíonn an dlí é) a léasú agus glacadh le géilleadh léasaí, agus bainistí a dhéanamh air, agus go ginearálta an t-airgead agus an mhaoin go léir is leis an gCuideachta a bhainistiú, a infheistiú agus a chaitheamh;

(xi) Chun airgead a fháil ar iasacht nó a chruinniú ar cibé dóigh is cuí leis an gCuideachta agus go háirithe trí bhintíúir, suthain nó eile, a eisiúint, agus aisíocaíocht a urrú ar aon airgead a fuarthas, a cruinníodh, nó a bheidh dlite trí mhorgáiste, trí mhuirear nó trí lian ar gach cuid nó aon chuid de mhaoin nó de shócmhainní na Cuideachta, láithreach nó todhchaí, agus trí mhorgáiste, muirear nó lian dá shamhail sin freisin, chun comhlíonadh ag an gCuideachta ar aon oibleagáid nó dliteanas a ghlacfaidh sí uirthi féin a urrú agus a ráthú;

(xii) Chun aon fhoirgnimh nó oibreacha is gá nó is oiriúnach chun críche na Cuideachta a dhéanamh, a chothabháil, a athrú agus a fheabhsú.

(i) Fochuspóirí Rialachais agus Carthanais

(i) Chun aon chomhlachais nó institiúidí carthanúla a bhunú agus tacaíocht a thabhairt dóibh nó cabhrú lena mbunú agus lena dtacú, agus chun airgead a thabhairt nó a ráthú le haghaidh cuspóirí carthanúla a bhaineann ar dhóigh ar bith le cuspóirí na Cuideachta nó is cosúil a bheith tairbheach dá cuspóirí;

(ii) Chun dul in aon chomhaontú le haghaidh comhoibriú nó comhdheonú cómhalartach le haon rialtais nó údaráis (uachtarach, bardasach, áitiúil nó eile), le comhlachtaí corpraithe, comhlachais neamhchorpraithe nó daoine a dhealródh a bheith fabhrach le gnóthú cuspóirí na Cuideachta nó aon chuspóirí díobh, agus chun aon chairteacha, conarthaí, foraitheanta, cearta, pribhléidí agus deonuithe is inmhianaithe leis an gCuideachta a fháil ó aon rialtas, údarás, cuideachta, gnólacht nó duine den sórt sin, agus aon chairteacha, conarthaí, foraitheanta, cearta, pribhléidí agus deonuithe den sórt sin a chur i gcrích a fheidhmiú agus a chomhlíonadh;

- (iii) Chun cuideachtaí nó comhlachais arna gceapadh ar mhaithe le haon chuspóirí de chuid na Cuideachta nó le haon chuspóirí dá samhail a bhunú nó a thionscnamh nó chun comhoibriú, cabhrú nó foscríobh leo;
- (iv) Chun coistí a cheapadh nó a thionscnamh a bheidh comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach de chomhaltaí den Chuideachta nó de dhaoine eile chun fiosrú a dhéanamh, tuairisc agus comhairle a thabhairt faoi ábhar ar bith a bhaineann le cuspóirí na Cuideachta;
- (v) Chun gach ní eile a dhéanamh a mheasfaidh an Chuideachta a bheith bainteach nó fabhrach le gnóthú nó le forbairt na gcuspóirí thuasluaite nó aon chuspóirí díobh.

5. **Cumhachtaí**

Beidh na cumhachtaí a leanas ag an gCuideachta, anuas ar na cumhachtaí a bhronn an dlí uirthi, nach bhfuil ach ina gcumhachtaí coimhdeacha agus ina bhfochumhachtaí leis an bPríomhchuspóir agus ní féidir ach na cumhachtaí siúd a fheidhmiú agus an Príomhchuspóir á chur chun cinn. Tá aon ioncam a ghin feidhmiú na gcumhachtaí seo le cur i bhfeidhm ar chur chun cinn an Phríomhchuspóra:

- 5.1 Chun aon tabhartas maoinne d'aon chineál agus aon réadtiomnú, leagáid nó blianacht, suibscríbhinn, bronntanas, ranníocaíocht nó ciste a iarraidh agus a sholáthar ar aon mhodh dleathach agus a ghlacadh agus a fháil, ina measc trí mheán párolla a thabhairt nó trí shocruithe comhchosúla eile, agus lena n-áirítear (ach gan teorainn a leagan ar ghinearáltacht an mhéid thuas), crannchuir a chur ar bun i gcomhréir leis an dlí ar mhaithe leis an bPríomhchuspóir a chur chun cinn, agus an caipiteal, anuas ar ioncam ó aon leagáid, tabhartas nó ciste den saghas sin a chur i bhfeidhm ar an gcuspóir sin.
- 5.2 Aon iontaobhais charthanúla a ghabháil de láimh, a ghlacadh, a fhorghníomhú agus a riar, gan luach saothair.
- 5.3 Aon chomhlachas nó institiúid, iontaobhas nó ciste carthanúil a bhunú agus tacú leo nó cabhrú leo ina mbunú agus i dtaca leo, agus chun airgead a shuibscríobh nó a ráthú d'aon chuspóir carthanúil a mheasfaidh an Comhlacht a rinneadh a ríomh chun a Phríomhchuspóir a chur chun cinn.
- 5.4 Ranníocaíochtaí deonacha, tabhartais nó tiomnachtaí nó airgead a bhailiú agus a fháil atá dírithe ar na cuspóirí thuasluaite.
- 5.5 Iarratas a dhéanamh thar ceann na Cuideachta ar aon údarás, bíodh údarás rialtais, áitiúil, daonchairdiúil nó eile i gceist leis, ar chistiú airgeadais d'aon sórt.
- 5.6 Aon Acht den Oireachtas nó reachtaíocht eile a bhaineann go díreach le cur chun cinn an Phríomhchuspóra a chur i bhfeidhm, a achainí nó a chur chun cinn.
- 5.7 Faoi réir Chlásal 6, an fhoireann sin a fhostú, agus ar na téarmaí siúd, atá riachtanach nó inmhianaithe ar mhaithe leis an bPríomhchuspóir a chur chun cinn i gceart.

- 5.8 Chun pinsean, aiscí, liúntais nó cúnamh carthanúil a dheonú d'aon duine a d'fhéadfadh a sheirbheáil leis an gCuideachta mar fhostaí, nó do mhná céile, fir chéile, leanaí nó cleithiúnaithe eile an duine sin a fhad agus nach sáróidh na pinsin, aiscí, liúntais nó an cúnamh carthanúil sin é sin a fhoráiltear i scéim pinsin atá cumhdaithe ag Cuid 30 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus a fhad gur oibrigh an Chuideachta an scéim pinsin sin agus go raibh tairbhí na bpinsean, na n-aisc, na liúntas nó an chúnamh charthanúil, nó a gcéile nó a dtuismitheoir, ina c(h)omhalta den scéim pinsin fad a bhí sé/sí fostaithe ag an gCuideachta; agus chun íocaíochtaí a dhéanamh i dtreo árachais agus chun cistí coigiltis agus sochair a fhoirmiú agus cur leo ar mhaithe le haon duine atá fostaithe ag an gCuideachta agus chun airgead a shuibscríobh nó a ráthú do chuspóirí carthanúla.
- 5.9 Aon réadmhaoin, paitinní, cóipchearta, ceadúnais, cearta agus pribhléidí nó aon eastát nó leas, dá laghad, agus aon chearta, pribhléidí agus éasúintí ar nó maidir le haon mhaoin a cheannach, a ghlacadh ar léas nó mar mhalairt, ar fruiliú nó a fháil ar bhealach eile a d'fhéadfaí a mheas atá riachtanach ar mhaithe le cuspóirí na Cuideachta agus chun aon talamh a fuair an Chuideachta nó a bhfuil leas aici inti a fhorbairt agus a úsáid nó brabús a bhaint astu agus, go háirithe, tríd an gcéanna a leagan amach agus a ullmhú ar mhaithe le foirgnimh agus áiseanna a thógáil, a athrú, a tharraingt anuas, a mhaisiú, a chothabháil, a fheistiú suas agus trí chur, pábháil, draenáil, feirmeoireacht, saothrú, ligean nó léasanna foirgnimh nó trí chomhaontú tógála agus trí airgead a réamhíoc le agus iontráil isteach i gconarthaí agus socruithe de gach cineál le tógálaithe, tionóntaí agus le daoine eile.
- 5.10 Aon chuid de mhaoin na Cuideachta a fháil, a shealbhú, a dhíol, a bhainistiú, a ligean ar léas, a mhorgáistiú, a mhalartú nó a dhiúscairt d'fhonn Príomhchuspóir na Cuideachta a chur chun cinn, a chosaint nó a spreagadh agus chun infheistíochtaí a éagsúlú.
- 5.11 Comhoibriú le haon chumann nó institiúid eile i dtabhairt faoi aon infheistíochtaí a údaraítear leis seo chun an Príomhchuspóir a chur chun cinn.
- 5.12 Airgead a fháil ar iasacht agus a thiomsú ar an mbealach sin a d'fhéadfaí a mheas gurb ionann é agus caoithiúil, agus chun bintiúir, stoc bintiúir agus urrúis eile a eisiúint, agus ar mhaithe le haon fhiachas nó oibleagáid eile den Chuideachta a chur faoi urrús chun maoin uile nó aon chuid de mhaoin reatha nó maoin sa todhchaí de chuid na Cuideachta a mhorgáistiú nó a mhuirearú agus a mhorgáistiú nó a mhuirearú go comhthaobhach nó de bhreis ar aon urrúis de chuid na Cuideachta trí ghníomhas iontaobhais nó trí dhearbhu eile.
- 5.13 Airgead agus maoin na Cuideachta nach dteastaíonn láithreach bonn a infheistiú agus déileáil leo ar an mbealach sin is éifeachtaí a sholáthróidh cistí chun na cuspóirí thuasluaite a chothú agus a chur chun cinn agus áireofar leis an gcumhacht seo an chumhacht ó thráth go tráth chun aon infheistíochtaí a athrú faoi na cuspóirí sin.

- 5.14 Aon airgead de chuid na Cuideachta nach dteastaíonn láithreach bonn lena úsáid maidir lena Príomhchuspóir a infheistiú ar na bealaí siúd a mheasann na Stiúrthóirí is inmhianaithe agus chun aon airgead den sórt sin a thaisceadh le baincírí agus le daoine eile; faoi réir, mar sin féin, go ndéantar infheistíochtaí faoi na coinníollacha siúd (más ann dóibh) agus an toiliú sin (más ann dó) a d'fhéadfaí a cheangal nó a fhorchur sa dlí agus faoi réir, chomh maith leis sin, an méid a fhoráiltear anseo thíos; tá cead roimh ré le fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim sa chás go mbeartaíonn an Chuideachta chun cistí a chnardh i gcaitheamh tréimhse os cionn dhá bhliain d'aon chuspóirí.
- 5.15 Tabhairt faoi fheidhmíocht oibleagáidí agus aisíocaíocht nó íocaíocht na bpríomhshuimeanna agus ús aon duine, gnóthais nó cuideachta nó díbhinní nó ús aon urrús, ina measc (gan dochar do ghinearáltacht an mhéid thuas) aon chuideachta arb í cuideachta sealbhaíochta na Cuideachta nó fochuideachta nó cuideachta ghaolmhar de chuid na Cuideachta í, a ráthú, tacú leo nó a chur faoi urrús, cé acu trí chúnant pearsanta nó trí fhiontar, maoin agus sócmhainní (reatha agus todhchaí) na Cuideachta go léir nó aon chuid díobh de chuid na Cuideachta a mhorgáistiú nó a mhuirearú, nó trí na modhanna sin go léir.
- 5.16 Billí malartaithe, nótaí gealltanais, billí luchta, barántais, bintiúir agus ionstraimí inaistrithe nó soshannta eile a dhréachtú, a ghlacadh, a dhéanamh, a fhorghníomhú, a lascainiú, a fhorghníomhú, a eisiúint agus a aistriú.
- 5.17 Maoin na Cuideachta a árachú i gcoinne aon riosca intuartha ar a luach iomlán agus polasaithe eile árachais a ghlacadh chun an Chuideachta a chosaint, nuair a bhíonn gá leo.
- 5.18 Aon duine de na Stiúrthóirí, nó na Stiúrthóirí go léir, a árachú i gcoinne dliteanas pearsanta a thabhaítear maidir le haon ghníomh nó easnamh arb ionann é agus sárú ar iontaobhas nó sárú ar dhualgas nó a líomhnaítear gurb ionann é agus sárú ar iontaobhas nó sárú ar dhualgas, a fhad agus a ghníomhaigh sé nó sí le dea-intinn agus i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar iontaobhaí carthanais (faoi mar a shainmhínítear in Acht na gCarthanas, 2009).
- 5.19 Iarratas a dhéanamh ar aon phaitinní, brevets d'invention, ceadúnais, lamháltais agus a leithéid agus iad a cheannach nó a fháil ar bhealach eile a bhronnann aon chearta eisiacha nó neamheisiacha nó teoranta ar úsáid nó aon fhaisnéis rúnda nó eile maidir le haon aireagán ar dhealraitheach go bhféadfaí é a úsáid d'aon cheann de chuspóirí na Cuideachta nó chun aon cheann de chuspóirí siúd a fháil, a bhféadfadh go bhfuil an dealramh air go ndearnadh iad a cheapadh go díreach nó go hindíreach chun dul chun sochair na Cuideachta, agus chun ceadúnais a úsáid, a fheidhmiú, a fhorbairt nó a dheonú maidir le maoin, cearta nó faisnéis a fuarthas ar an mbealach sin nó chun úsáid nó brabús a bhaint as an maoin, cearta nó faisnéis sin.
- 5.20 Na modhanna is dealraitheach a bheadh caoithiúil chun táirgí agus/nó seirbhísí na Cuideachta a chur in iúl agus, go háirithe, trí fhógraíocht sna nuachtáin, trí

chiorcláin, trí shaothair ealaíne nó inspéise a cheannach nó a chur ar thaispeáint, trí leabhair agus tréimhseacháin a fhoilsiú, tríd an idirlíon agus trí dhuaiseanna, luaíochtaí agus tabhartais a bhronnadh.

- 5.21 Fóntais phoiblí a chothabháil, a fheabhsú nó a sholáthar, ina measc áiseanna áineasa, cúram leanaí, sláinte poiblí, baile, leasa agus áiseanna óige, go ginearálta.
- 5.22 Iontráil in aon socrúithe le haon rialtais nó údaráis, bíodh siad ina rialtais nó údaráis arda, bardasacha, áitiúla nó eile a bhféadfadh gur dhealraitheach go gcuirfidís an Príomhchuspóir chun cinn agus chun aon chearta, pribhléidí agus lamháltais a fháil ón rialtas nó údarás sin a fhéadfaidh an Chuideachta a mheas is inmhianaithe chun tabhairt faoi aon socrúithe, cearta, pribhléidí agus lamháltais den saghas sin agus iad a fheidhmiú agus a chomhlíonadh.
- 5.23 Iontráil i gcomhpháirtíocht nó in aon chomhaontú chun brabús a roinnt, leas a aontú, comhoibriú, comhfhiontair, lamháltas cómhalartach nó ar bhealach eile le haon duine, cuideachta, cumann, iontaobhas nó comhpháirtíocht eile a bhfuil a gcuspóirí go hiomlán carthanúil, a dtugann a gcuspóirí faoi, nó a bhfuil a gcuspóirí ar tí tabhairt faoi, aon ghnó nó idirbheart ar féidir tabhairt faoi d'fhonn dul chun sochair na Cuideachta go díreach nó go hindíreach agus a chuireann toirmeasc ar dháileadh ioncaim agus sócmhainní dá mhéid, dá laghad, de bhun Chlásal 6 anseo istigh agus chun conarthaí na Cuideachta a rathú, go gcabhraíonn an Chuideachta, ar bhealach eile, le haon duine, cuideachta, cumann, iontaobhas nó comhpháirtíocht eile sin, agus chun scaireanna, stoc, bintiúir, nó stoc bintiúir agus urrúis aon duine, cuideachta, cumainn, iontaobhais nó comhpháirtíochta sin a tháthcheangal nó a fháil ar bhealach eile, agus chun an céanna a dhíol, a shealbhú, a atheisiúint le ráthaíocht nó gan ráthaíocht nó chun déileáil leis an gcéanna ar bhealach eile.
- 5.24 Clárú nó corprú na Cuideachta a thabhairt chun críche i ndlíthe nó faoi dhlíthe aon áite lasmuigh d'Éirinn.
- 5.25 Tabhairt faoi, ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile, aon trádáil gnó a bhféadfadh an Chuideachta tabhairt faoi ar bhealach míbhuntáisteach, i dtuairim na Stiúrthóirí, i dtaca le nó anuas ar aon cheann de ghnóthaí nó de ghnó ginearálta na Cuideachta i dtabhairt faoin bPríomhchuspóir.
- 5.26 Aon chistí, comhlachais nó institiúidí carthanúla a cheaptar chun an Príomhchuspóir a chur chun cinn nó cuidiú leis a bhunú, a fhóirdheonú agus cuidiú leo.
- 5.27 Ceangail a bhunú agus a choimeád le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta a bhfuil a mhacasamhail de chuspóirí acu.
- 5.28 Cibé rudaí dleathach eile a dhéanamh a mheasfaidh an Chuideachta bheith teagmhasach le agus a chuidíonn leis an bPríomhchuspóir thuasluaite.
- 5.29 Gach ceann nó aon cheann de na rudaí agus na cúraim thuasluaite, nó aon chinn díobh, a dhéanamh in aon chuid den domhan agus mar phríomhoifigigh,

gníomhairí, conraitheoirí, iontaobhaithe nó mar dhaoine eile agus trí iontaobhaithe, gníomhairí nó daoine eile agus cé acu ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile.

AR CHOINNÍOLL GO:

- (a) i gcás go nglacfaidh an Chuideachta aon mhaoín i seilbh nó go sealbhaíonn sí aon mhaoín a d'fhéadfadh a bheith faoi réir aon iontaobhas, ní dhéileálfadh an Chuideachta le nó ní infheisteoidh an Chuideachta an céanna ach ar an mbealach sin a cheadaítear sa dlí agus aird ar na hiontaobhais siúd;
- (b) ní mheasfar go gcuirtear san áireamh in aon rud a chuimsítear anseo thuas aon chuspóirí nach bhfuil carthanúil i gcomhréir leis an dlí sna cuspóirí dá mbunaíodh an Chuideachta.

6. Ioncam agus Maoín

6.1 Ní chuirfear ioncam agus maoín na Cuideachta i bhfeidhm ach i dtreo chur i bhfeidhm na bPríomhchuspóirí amháin, faoi mar a leagtar amach iad sa Bhunreacht seo. Ní dhéanfar aon sciar d'ioncam agus de mhaoín na Cuideachta a íoc nó a aistriú go díreach nó go hindíreach trí dhíbhinn, bónas nó ar bhealach eile cibé caoi trí bhrabús do chomhaltaí na Cuideachta.

6.2 Ní cheapfar aon Stiúrthóir le haon oifig na Cuideachta a n-íoctar tuarastal nó táillí leis an oifig sin, nó ní bhfaighidh aon Stiúrthóir aon luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid ón gCuideachta. Ní chuirfidh aon ní cosc ar an gCuideachta, áfach, na nithe a leanas a íoc le hintinn mhaith:

- (a) luach saothair réasúnta agus cuí le haon chomhalta nó seirbhíseach den Chuideachta (nach Stiúrthóir é/í) as aon seirbhísí a soláthraíodh don Chuideachta;
- (b) ús ar ráta nach sáraíonn 1% os cionn Ráta Táirgthe Idirbhainc an Euro (Euribor) sa bhliain ar airgead a thug Stiúrthóirí nó comhaltaí eile den Chuideachta ar iasacht don Chuideachta;
- (c) cíos réasúnta agus cuí ar an áitreabh a lig aon chomhalta den Chuideachta ar fhorléas agus ar léas (aon Stiúrthóir san áireamh) leis an gCuideachta;
- (d) costais réasúnta agus chuí as póca a thabhaíonn aon Stiúrthóir maidir lena bhfreastal ar aon cheist a imríonn tionchar ar an gCuideachta;
- (e) táillí, luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid le haon chuideachta a bhféadfadh Stiúrthóir bheith ina c(h)omhalta di nach sealbhaíonn breis agus an céadú cuid de chaipiteal eisithe na cuideachta sin;
- (f) ní chuirfidh aon ní cosc ar an gCuideachta aon íocaíocht a dhéanamh le duine de bhun comhaontú inar iontráladh i gcomhlíonadh Alt 89 d'Acht na

gCarthanas, 2009 (i gcaitheamh an trátha a bhíonn sé leasaithe, sínte nó ionadaithe);

- (g) íocaíocht le cuideachta a d'fhéadfadh comhalta a bheith aici ar an mBord nach bhfuil ach aon faoin gcéad de chaipiteal na cuideachta ina s(h)eilbh aige nó aici, comhalta nach gá dó nó di an méid brabús a fhaigheann sé nó sí a mhíniú, brabúis a d'fhéadfadh sé nó sí a fháil i leith íocaíochta den saghas sin.

7. **Breisiúcháin, athruithe nó leasuithe**

Ní mór don Chuideachta a chinntiú go bhfuil cóip ag an Rialtóir Carthanas dá Bunreacht is déanaí. Má bheartaítear leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Cuideachta óna dteastaíonn faomhadh roimh ré a fháil ón Rialtóir Carthanas, ní mór fógra roimh ré a thabhairt, i scríbhinn, faoi na hathruithe beartaithe don Rialtóir Carthanas chun iad a fhaomhadh, agus ní chuirfean an leasú i bhfeidhm go dtí go bhfaightear an faomhadh sin.

Ní dhéanfar forálacha Alt 6 agus 8 den mheabhrán comhlachais a leasú agus ní dhéanfar an Bunreacht a leasú sa mhéid go n-athródh siad an toradh a bhaineann le hAilt 6 agus 8 den mheabhrán comhlachais, i mbealach nach gcloífi le ceanglais Ailt 1180 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

8. **Foirceannadh**

Más ann d'aon mhaoín, dá laghad, i ndiaidh gach dlíteanas agus fiachas a shásamh, ní íocfar í nó ní dhéanfar í a dháileadh i measc comhaltaí na Cuideachta, ar fhoirceannadh nó ar dhíscáoileadh na Cuideachta. Ina ionad sin, déanfar an mhaoín sin a thabhairt nó a aistriú chuig cuideachta nó cuideachtaí eile (gurb institiúid charthanúil í nó institiúidí carthanúla iad) a bhfuil príomhchuspóirí acu ar macasamhla phríomhchuspóirí na Cuideachta í. Cuirfidh an chuideachta nó cuideachtaí (gurb institiúid charthanúil í nó institiúidí carthanúla iad), a bhfuil an mhaoín le tabhairt di nó dóibh nó a aistriú chuici nó chucu, cosc ar dháileadh a n-ioncaim agus a maoine i measc a gcomhaltaí an oiread, ar a laghad agus a cheanglaítear ar an gCuideachta faoi nó de bhua Chlásal 5 anseo istigh. Roghnóidh comhaltaí na Cuideachta an chuideachta nó cuideachtaí (gurb institiúid charthanúil í nó institiúidí carthanúla iad) ag nó roimh thráth an díscáoilte, agus mura féidir agus dá mhéid nach féidir éifeacht a thabhairt do na forálacha siúd, tabharfar nó aistrefar an mhaoín chuig cuspóir carthanúil áirithe i ndiaidh chomhaontú an Rialtóir Carthanas a fháil. Ullmhófar agus seolfar ar aghaidh cuntais deiridh, lena n-áireofar mír a shainaitníonn agus a dhéanann luacháil ar aon sócmhainní a aistrítear mar aon leis na sonraí faoi na faighteoírí agus téarmaí an aistrithe.

9. **Dlíteanas Teoranta**

Tá dlíteanas na gcomhaltaí teoranta.

10. **Gealladh chun Ranníocaíocht a dhéanamh**

Geallann gach comhalta den Chuideachta chun ranníoc le sócmhainní na Cuideachta, má dhéantar an Chuideachta a fhoirceannadh fad a bhíonn sé nó sí ina c(h)omhalta nó má dhéantar an Chuideachta a fhoirceannadh laistigh de bhliain amháin i ndiaidh an dáta nach comhalta é/í den Chuideachta a thuilleadh,

- (a) chun fiachais agus dliteanais na Cuideachta a íoc a conraíodh sula gcuirtear deireadh leis nó léi a bheith mar chomhalta a thuilleadh, agus chun costais, muirir agus speansais a bhaineann le fhoirceannadh a íoc; agus
- (b) coigeartú chearta na ranníocóirí ina measc féin,

den tsuim sin a d'fhéadfadh bheith ag teastáil, nach sáraíonn €1, a íoc.

AIRTEAGAIL CHOMHLACHAIS

RÉAMHRÁITEACH

1. Sna hAirteagail seo, mura bhfuil rud éigin san ábhar nó sa chomhthéacs nach bhfuil comhsheasmhach faoi iamh:

Ciallaíonn “**an tAcht**” Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ciallaíonn “**an Chuideachta**” an Chuideachta a ainmnítear thuas.

Ciallaíonn na “**Stiúrthóir**” comhaltaí i dturas an ama de chuid bhord stiúrthóirí na Cuideachta agus forléireofar “**Stiúrthóir**” dá réir sin.

Ciallaíonn “**an Rúnaí**” aon duine a cheaptar chun tabhairt faoi dhualgais Rúnaí na Cuideachta.

Ciallaíonn “**an Scoil**” scoileanna, coláistí, nó forais eile oideachais ag an mbunleibhéal agus an dara leibhéal atá aitheanta mar scoil faoi fhorálacha an Achta Oideachais, 1998 nó faoi fhorálacha an Ordú Oideachais agus Leabharlanna (Tuaisceart Éireann) 1986.

Ciallaíonn “**an Séala**” Séala Coitianta na Cuideachta.

Forléireofar léiriú a thagraíonn do scríobh, mura dtagann an intinn chontrártha chun solais, amhail tagairt a áireamh do chló, liteagrafaíocht, grianghrafadóireacht agus aon mhodhanna eile a dhéanann ionadaíocht d’fhocail i bhfoirm infheicthe agus focail a atáirgeadh i bhfoirm infheicthe.

COMHALTAÍ

2. (a) Ar dháta ghlacadh an Bhunreachta seo, glactar leis gurb ionann líon comhaltaí na Cuideachta agus ocht nduine déag (18) ach féadfaidh an Chuideachta, ó thráth go tráth, méadú comhaltaí a chlárú;
- (b) Is iad a bheidh ina ngnáthchomhaltaí den Chuideachta gach aon scoil bunoidreachais agus iarbunoidreachais ar oileán na hÉireann, arb é a bpolasaí oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, sa scoil ina iomláine nó i gcuid den scoil, agus a dhearbhaíonn go bhfuil siad ag cur dea-chleachtais an mhúnla tumoidreachais a bhaineann lena scoil i bhfeidhm, agus a ghlacann le Bunrecht na Cuideachta agus a bhfuil táille chláraithe mar a shocrófar gach bliain ag an gcruinniú ginearálta bliantúil íoctha ag Bord Bainistíochta na scoile;
- (c) Is iad a bheidh ina gcomhaltaí comhlach den Chuideachta:

- (i) Coistí daoine a thagann le chéile chun scoil lánGhaeilge a bhunú ar oileán na hÉireann agus a ghlacann le Bunreacht na Cuideachta agus a bhfuil táille chláraithe mar a shocrófar gach bliain ag an gcruinniú ginearálta bliantúil íoctha thar a gceann;
- (ii) Daoine aonair a thacaíonn le treisiú na scolaíochta lánGhaeilge ar oileán na hÉireann agus a ghlacann le Bunreacht na Cuideachta agus a bhfuil táille chláraithe mar a shocrófar gach bliain ag an gcruinniú ginearálta bliantúil íoctha thar a gceann;
- (d) Tá gach iarratas ar bhallraíocht coinníollach ar a bheith faofa ag an mBord Stiúrthóirí agus na critéir chlárúcháin, mar a shocraíonn an Bord Stiúrthóirí iad ó am go ham, a bheith á gcomhlíonadh ag an scoil;
- (e) Beidh cead freastail agus vótála ag na hionadaithe ó na scoileanna, mar a shonraítear ag Airteagal 2(b) iad, agus ag na stiúrthóirí, ar a n-áirítear na hoifigigh agus comhaltaí an Bhord Stiúrthóirí a thoghtar faoi réir fhorálacha Airteagal 3(b) de na hAirteagail seo, ag na cruinnithe ginearálta uile de chuid na Cuideachta;
- (f) Beidh cead freastail, gan cead vótála, ag na hionadaithe ó na coistí, mar a shonraítear ag Airteagal 2(c)(i) iad, ag cruinnithe ginearálta uile na Cuideachta agus ní bheidh cead acu rún a mholadh de réir Airteagal 20 de na hAirteagail seo;
- (g) Beidh cead freastail, gan cead vótála, ag cruinnithe ginearálta uile na Cuideachta ag comhaltaí mar a shonraítear ag Airteagal 2(c)(ii) iad, agus ní bheidh cead acu rún a mholadh de réir Airteagal 20 de na hAirteagail seo;
- (h) Féadfaidh aon chomhalta den Chuideachta éirí as ballraíochta sa Chuideachta trí fhógra i scríbhinn a chur ar fáil d'oifig na Cuideachta agus beidh feidhm leis an éirí as sin chomh luath agus a dhéantar é a thaifead i miontuairiscí an Bhord Stiúrthóirí;
- (i) Imeoidh comhaltacht an chomhalta i léig sa chás nach mbeidh foirm chlárúcháin reatha comhlíonta agus an táille chláraithe chuí íoctha roimh nó ar an 30 Meán Fómhair don tréimhse bliana ina dhiaidh sin;
- (j) Faoi chúinsí a shocróidh an Bord Stiúrthóirí is féidir glacadh le foirm chlárúcháin comhlíonta tar éis an 30 Meán Fómhair in aon bhliain, ach ní níos deireanaí ná an dáta a bheith 14 lá roimh an dáta ar a reáchtálfar cruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta an bhliain sin.

BORD RIALÚCHÁIN NA CUIDEACHTA

3.

(a) Bord Rialúcháin na Cuideachta

Beidh Bord Rialúcháin na Cuideachta comhdhéanta de:

- (i) Bord Stiúrthóirí na Cuideachta; agus

- (ii) Coistí Comhairleach na Cuideachta mar a shonraítear faoin Airteagal 3(f)(i) de na hAirteagail seo iad.

(b) An Bord Stiúrthóirí

Is é triúr íoslíon na Stiúrthóirí nach bhfuil gaol acu lena chéile agus atá neamhspleách ar a chéile. Beidh uasmhéid de seachtar déag stiúrthóir ar Bhord Stiúrthóirí na cuideachta, comhdhéanta mar seo a leanas:

- (i) An tUachtarán agus an LeasUachtarán;
- (ii) Seisear stiúrthóir ainmnithe ag an sé réigiún, mar a shonraítear iad in Airteagal 3(d);
- (iii) Seisear stiúrthóir comhdhéanta de bheirt ó gach ceann de na hearnála seo a leanas:
 - a. Bunscoileanna lánGhaeilge.
 - b. Bunscoileanna Gaeltachta.
 - c. Iarbunscoileanna lánGhaeilge agus Gaeltachta;
- (iv) Triúr stiúrthóir a bheidh comhthofa ag an mBord Stiúrthóirí chun cothromaíocht inscne, earnála, saintaithí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara inmheánacha i gcomhdhéanamh an Bhord a dheimhniú;
- (v) Féadfaidh na stiúrthóirí ag am ar leith, nó ó am go ham, stiúrthóirí eile a chomhthoghadh chun folúntais a líonadh fhad is nach mbeidh líon na stiúrthóirí san iomlán níos mó ná seachtar déag;
- (vi) Feidhmeoidh gach stiúrthóir comhthofa go dtí an chéad chruinniú ginearálta bliantúil eile i ndiaidh na bliana inar déanadh é nó í a chomhthoghadh;
- (vii) Ní mór rún i scríbhinn le fógra deich lá glan ar a laghad a bheith tugtha do gach aon stiúrthóir chun gur féidir duine a chomhthoghadh mar stiúrthóir, agus ní mór ainm an té sin a bheith tugtha sa rún maille le dearbhú i scríbhinn ón té sin go n-aontaíonn sé nó sí leis an rún, agus freisin ainm an stiúrthóra atá ag moladh an té atá le comhthoghadh;
- (viii) I gcás go gcailleann stiúrthóir ar bith trí chruinniú i ndiaidh a chéile gan leithscéal a bheith curtha in iúl atá inghlachta ag an mBord Stiúrthóirí ní áireofar an duine sin mar stiúrthóir a thuilleadh;
- (ix) Is tréimhse oifige dhá bhliain a bheidh ag gach stiúrthóir a cheaptar tríd na réigiúin agus na hearnálacha (seachas an chéad bhliain ina thosóidh an córas seo, áit gur dhá bhliain do stiúrthóirí ceaptha tríd na hearnálacha agus bliain amháin do stiúrthóirí a cheapfar tríd na réigiúin) agus ní féidir le duine a bheith tofa mar ghnáth stiúrthóir

níos mó ná trí thréimhse as a chéile, nó cúig thréimhse as a chéile ar a mhéid le tréimhsí mar Rúnaí agus/nó mar Chisteoir curtha san áireamh.

(c) Na hOifigigh

- (i) Ag cruinniú den Bhord Stiúrthóirí a reáchtálfar ar a laghad 28 lá roimh an gcruinniú ginearálta bliantúil ainmneoidh an Bord Stiúrthóirí Uachtarán agus LeasUachtarán le cur faoi bhráid an chruinnithe ginearálta bhliantúil le daingniú, de réir an chórais rothlach a shonraítear in Airteagal 3(c)(ii)-(iv);
- (ii) Beidh tréimhse dhá bhliain ag gach Uachtarán;
- (iii) Sa chéad bhliain den chóras rothlach, eadhon, don chéad chruinniú ginearálta bliantúil tar éis teacht i bhfeidhm na hAirteagail seo ainmneofar ionadaí ó earnáil na mBunscoileanna LánGhaeilge mar Uachtarán agus ionadaí ó earnáil na nIarbhunscoileanna mar LeasUachtarán;
- (iv) Sa dara bliain den chóras rothlach leanfaidh an tUachtarán ó earnáil na mBunscoileanna LánGhaeilge mar Uachtarán don dara bliain agus ainmneofar ionadaí ó earnáil na mBunscoileanna Gaeltachta mar LeasUachtarán;
- (v) Sa tríú bliain den chóras rothlach ainmneofar ionadaí ó earnáil na mBunscoileanna Gaeltachta mar Uachtarán agus ionadaí ó earnáil na mBunscoileanna LánGhaeilge mar LeasUachtarán (an duine a bhí mar Uachtarán an bhliain roimhe);
- (vi) Sa chás nach bhfuil ionadaí ar fáil don Bhord Stiúrthóirí ón earnáil cuí in aon bhliain faoi leith ainmneofar ionadaí ón gcéad earnáil eile sa chóras rothlach;
- (vii) Sa chás nach ndaingníonn an cruinniú ginearálta bliantúil aon cheann de na hainmiúcháin do phost an Uachtaráin nó an LeasUachtaráin toghfar ionadaí ón earnáil chuí sa phost sin ó ainmiúcháin a dhéantar ag an gcruinniú ginearálta bliantúil;
- (viii) Sa chás nach dtoghtar duine i bpost an Uachtaráin nó an LeasUachtaráin ag an gcruinniú ginearálta bliantúil toghfaidh an Bord Stiúrthóirí duine de stiúrthóirí an Bhoird sa phost sin ag a gcéad chruinniú tar éis an chruinnithe ginearálta bliantúil;
- (ix) Ag a gcéad chruinniú tar éis an chruinnithe ginearálta bliantúil toghfaidh an Bord Stiúrthóirí na hoifigigh seo a leanas as a measc féin: Rúnaí agus Cisteoir;
- (x) Sa chás nach féidir leis an mBord Stiúrthóirí Rúnaí agus Cisteoir a thoghadh as a measc féin, is féidir Rúnaí agus/nó Cisteoir a chomhthoghadh faoin Airteagal 3(b)(v);
- (xi) Mairfidh ceapachán na nOifigeach ar feadh tréimhse bliana agus ní ceadmhach aon stiúrthóir a cheapadh sa phost céanna níos mó ná cúig bliana as a chéile;

- (xii) Ag a gcéad cruinniú tar éis an chruinnithe ginearálta bhliantúil cuirfidh an Bord Stiúrthóirí tús le próiseas chun suas le triúr ionadaí a chomhthoghadh ó na hearnálacha cuí chun cothromaíocht inscne, earnála, saintaithí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara inmheánacha i gcomhdhéanamh an Bhoird a dheimhniú.

(d) Na Réigiúin

- (i) Beidh comhaltaí na Cuideachta cláraithe leis an réigiún lena mbaineann siad;
- (ii) Beidh sé réigiún ann agus déanfaidh an Bord Stiúrthóirí teorainneacha agus comhdhéanamh na réigiún a shocrú agus athrú de réir mar is cuí, chun gur féidir le gach scoil a bheith cláraithe sa réigiún is oiriúnaí di;
- (iii) Beidh Coiste Stiúrtha ag gach réigiún, a bheidh ionadaíoch ar na hearnálacha sa réigiún, agus a fheidhmeoidh faoi rialacháin a bheidh faofa ag Bord Stiúrthóirí na Cuideachta;
- (iv) Toghfar Cathaoirleach agus Oifigigh Choiste Stiúrtha an Réigiúin ag cruinniú ginearálta bliantúil an Réigiúin;
- (v) Féadfaidh Coiste Stiúrtha an Réigiúin coiste oibre a bhunú chun imeachtaí a réachtáil ag leibhéal earnála agus i limistéir faoi leith laistigh den Réigiún de réir mar is cuí.;
- (vi) Toghfar ionadaithe an Réigiúin ar Bhord Stiúrthóirí na Cuideachta trí ainmniúcháin ó na scoileanna agus vótáil ag cruinniú ginearálta bliantúil na heagraíochta, nó trí pé córas eile a shocróidh Coiste Stiúrtha an Réigiúin, faoi chúinsí a shocróidh Bord Stiúrthóirí na Cuideachta;
- (vii) Sa chás nach dtoghfar ionadaí ó aon cheann de na Réigiúin ag an gcruinniú ginearálta bliantúil, féadfaidh an Bord Stiúrthóirí duine a chomhthoghadh chun an folúntas sin a líonadh;
- (viii) Beidh ionadaithe an Réigiúin ar Bhord Stiúrthóirí na Cuideachta ina mbaill *ex-officio* de Choiste Stiúrtha an Réigiúin;
- (ix) Réachtálfaidh Coiste Stiúrtha an Réigiúin cruinnithe agus imeachtaí sa réigiún:
 - a. A bheidh chun leasa múinteoirí, tuismitheoirí agus boird bhainistíochta scoileanna an réigiúin;
 - b. A leathfaidh eolas faoi pholasaithe agus obair na Cuideachta i measc pháirtithe leasmhara na cuideachta;
 - c. Chun daoine a ainmniú ar Bhord Stiúrthóirí na Cuideachta agus chun rúin a aontú le cur faoi bhráid cruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta.

(e) Na hEarnála

- (i) Toghfar beirt ionadaí ó gach ceann de na hearnála seo a leanas ar Bhord Stiúrthóirí na Cuideachta:
 - a. Bunscoileanna LánGhaeilge
 - b. Bunscoileanna Gaeltachta
 - c. Iarbunscoileanna LánGhaeilge agus Gaeltachta
- (ii) Toghfar duine gur oide scoile é nó í agus comhalta boird bainistíochta scoile nach oide scoile é nó í ó gach earnáil, faoi seach.
- (iii) Sa chás nach bhfuil comhalta boird bainistíochta nach oide scoile é nó í ag seasamh sa toghchán d'aon cheann de na hearnála a liostáiltear faoin Airteagal 3(e)(i) is féidir oide scoile a thoghadh chun an folúntas sin a líonadh.
- (iv) Toghfar ionadaithe na nEarnálacha ag cruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta gach bliain, ag réamhchruinniú den earnáil ag tús an chruinnithe.
- (v) Sa chás nach dtoghfar dhá ionadaí ó aon cheann de na hEarnálacha ag an gcruinniú ginearálta bliantúil, féadfaidh an Bord Stiúrthóirí duine a chomhthoghadh chun an folúntas sin a líonadh.

(f) Coistí Comhairleach

- (i) Beidh na Coistí Comhairleach seo a leanas ag feidhmiú mar chuid de Bhord Rialúcháin na Cuideachta chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don Bhord Stiúrthóirí:
 - a. Coiste Comhairleach do na Luathbhlianta LánGhaeilge;
 - b. Coiste Comhpháirtíochta don Ghaeloideachas i dTuaisceart Éireann ar Bhonn Uile Éireann;
 - c. Coiste Comhairleach Rialacháin.
- (ii) Féadfar Coistí Comhairleach eile a cheapadh faoi chúinsí a shocróidh Bord Stiúrthóirí na Cuideachta.
- (iii) Beidh gach Coistí Comhairleach comhdhéanta de:
 - a. bheirt stiúrthóirí de chuid an Bhord Stiúrthóirí a bheith ainmnithe ag an mBord Stiúrthóirí;
 - b. triúr ionadaí leis an saineolas cuí a bheidh comhthofa ag an mBord Stiúrthóirí;
 - c. daoine eile a cheapfaidh an Bord Stiúrthóirí, de réir mar is cuí;
 - d. beidh an tUachtarán nó a ionadaí agus Ard-Fheidhmeannach na Cuideachta nó a ionadaí ina mbaill *ex officio* de gach Coiste Comhairleach.

- (iv) Ainmneoidh an Bord Stiúrthóirí Cathaoirligh na gCoistí Comhairleach as baill an Choiste Comhairleach.
- (v) Feidhmeoidh gach Coiste Comhairleach faoi réir na dtéarmaí tagartha a bheidh leagtha síos ag an mBord Stiúrthóirí don Choiste Comhairleach sin agus i gcomhréir le polasaithe agus rialacha seasta na Cuideachta, mar a bheidh leagtha síos ag cruinniú ginearálta bliantúil agus ag Bord Stiúrthóirí na Cuideachta.
- (vi) Sonróidh an Bord Stiúrthóirí na téarmaí tagartha agus na cleachtais oibre a bheidh ag gach Coiste Comhairleach agus déanfar iad a athbhreithniú agus a athnuachan gach trí bliana, nó de réir mar is cuí faoi chúinsí a shocróidh an Bord Stiúrthóirí.

CRUINNITHE GINEARÁLTA

4. (a) Cuirfidh an Chuideachta cruinniú ginearálta ar bun i ngach bliain féilire ag a cruinniú bliantúil ginearálta ag an am agus ag an áit sin a chinnfidh na Stiúrthóirí agus sonróidh sé an cruinniú ar leith sin amhlaidh sna fógraí a dhéanann é a ghairm a fhad agus go gcuirfear gach cruinniú ginearálta bliantúil ar bun tráth nach faide ná cúig mhí dhéag i ndiaidh gur cuireadh an cruinniú ginearálta bliantúil deiridh ar bun roimhe sin.
- (b) Ní dhéanfar gnó ar bith ag aon chruinniú ginearálta mura mbíonn córam comhaltaí i láthair nuair a rachaidh an cruinniú i mbun gnó. Is córam ionadaí amháin a bheith i láthair go dlisteanach thar ceann trian de na comhaltaí mar a shonraítear ag Airteagal 2(b) iad, móide duine amháin eile le vóta, a bheidh i láthair go pearsanta nó tríocha cúig (35) ionadaí dlisteanach a bheith i láthair. Leagtar amach i Rialacha Imeachta an Chruinnithe Ginearálta an sonraíocht a bhaineann le hath-reáchtáil an chruinnithe ginearálta sa chás nach mbíonn córam ann.
- (c) Is é nó í an tUachtarán, a thoghfar faoin Airteagal 3(c) a bheidh i gceannas mar chathaoirleach ag gach cruinniú ginearálta den Chuideachta, nó mura mbeidh an tUachtarán ann is é nó í an LeasUachtarán a bheidh i gceannas, nó mura mbeidh ceachtar acu i láthair faoi cheann 15 nóiméad tar éis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, nó mura mbeidh siad toilteanach gníomhú, toghfaidh na stiúrthóirí a bheidh i láthair duine dá líon féin chun bheith ina chathaoirleach ar an gcruinniú.
- (d) Iarrfar ar Bhord Bainistíochta gach comhalta, mar a shonraítear ag Airteagal 2(b) iad, triúr ionadaí a chur chuig gach cruinniú ginearálta de chuid na cuideachta, comhdhéanta mar seo a leanas:
- (i) Ionadaí amháin gur tuismitheoir reatha na scoile é nó í;
 - (ii) Ionadaí amháin gur oide sa scoil é nó í;
 - (iii) Ionadaí amháin roghnaithe astu siúd atá ar an mbord bainistíochta mar ionadaí an phátrúin nó mar ionadaí an phobail.

Sa chás nach bhfuil ionadaí ar fáil ó cheann amháin den trí ghrúpa atá luaite ag Airteagal 4(d)(i)-(iii) thuas, féadfaidh an Bord Bainistíochta beirt ionadaí a ainmniú ó cheann den dá ghrúpa eile chun feidhmiú thar ceann an Bhoird mar chomhalta don chruinniú ginearálta.

Ní ceadmhach níos mó ná beirt as aon cheann de na grúpaí atá luaite ag Airteagal 4(d)(i)-(iii) thuas, a ainmniú chun feidhmiú thar ceann an Bhoird mar chomhalta don chruinniú ginearálta.

Beidh vóta amháin ag gach duine díobh seo a bheidh i láthair go pearsanta ag cruinnithe ginearálta de chuid na cuideachta.

(e) Féadfaidh gach comhalta mar a shonraítear ag Airteagal 2(b) iad, ionadaithe eile de chuid na scoile a chur chuig gach cruinniú ginearálta de chuid na Cuideachta, chun feidhmiú mar bhreathnóirí agus a bheith rannpháirteacht ar bhealaí eile in imeachtaí na gcruinnithe sin, ach ní bheidh cead vótála ag na hionadaithe sin.

(f) Beidh aon vóta amháin ag gach oifigeach nó comhalta den Bhord Stiúrthóirí a bheidh i láthair go pearsanta ag cruinniú ginearálta de chuid na Cuideachta.

(g). Beidh aon vóta amháin ag baill de chuid Choistí Comhairleach na Cuideachta, nach baill den Bhord Stiúrthóirí iad, a bheith i láthair go pearsanta ag cruinniú ginearálta de chuid na Cuideachta.

(h) Beidh ionadaithe ó na Réigiúin a ainmnítear mar ionadaí an réigiúin ar Bhord Stiúrthóirí na Cuideachta faoin Airteagal 3(d)(vi) ina n-ionadaithe *ex officio* thar ceann na Réigiún chuig an cruinniú ginearálta bliantúil agus beidh vóta ag gach duine acu a bheidh i láthair go pearsanta.

5. Tabharfar cruinnithe ginearálta urghnácha ar gach cruinniú, seachas cruinnithe ginearálta bliantúla.
6. Féadfaidh Stiúrthóirí, pé uair a mheasann siad is cuí, cruinniú ginearálta urghnách a thionól.
7. Mura bhfuil dóthain stiúrthóirí inniúil ar ghníomh chun córam a dhéanamh, ag aon tráth, féadfaidh aon Stiúrthóir den Chuideachta nó aon chomhalta den Chuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól ar an mbealach céanna a mhéid agus is féidir leis siúd ina bhféadann na Stiúrthóirí cruinnithe a thionól.
8. Déanfaidh Stiúrthóirí na Cuideachta, ar fhoréileamh duine amháin nó níos mó de na comhaltaí a bhfuil 10%, ar a laghad, de chearta iomlána vótála na gcomhaltaí acu, nó i dteannta a chéile, ag dáta thaisceadh an fhoréilimh, a bhfuil an ceart acu chun vóta a chaitheamh ag cruinnithe ginearálta na Cuideachta, leanúint ar aghaidh láithreach bonn chun cruinniú ginearálta urghnách na Cuideachta a thionól.
9. Luafar san fhoréileamh cuspóirí an chruinnithe agus síneoidh na foréilitheoirí é agus déanfaidh siad é a thaisceadh ag oifig chláráithe na Cuideachta agus féadfaidh roinnt cáipéisí bheith i gceist leis ina mhacasamhail d'fhoirm a bhfuil gach ceann díobh sínithe ag duine amháin nó níos mó de na foréilitheoirí.

10. Mura leanann na Stiúrthóirí, laistigh de 21 lá i ndiaidh dháta thaiscthe an fhoréilimh, ar aghaidh láithreach bonn chun cruinniú a thionól atá le tionól laistigh de 2 mhí i ndiaidh an dáta sin (“dáta an fhoréilimh”), féadfaidh na foréilitheoirí, nó aon duine díobh a dhéanann ionadaíocht do bhreis agus 50% de na cearta iomlána vótála atá acu go léir, cruinniú a thionól iad féin, ach ní chuirfear aon chruinniú a thionóltar ar an mbealach sin i ndiaidh 3 mhí tar éis dháta an fhoréilimh.
11. Aisíocfaidh an chuideachta aon chostais réasúnta a thabhaíonn na foréilitheoirí i ngeall gur theip ar na stiúrthóirí cruinniú a thionól, mar is cuí, leis na foréilitheoirí agus coimeádfaidh an chuideachta aon suim a aisíoctar ar an mbealach sin as aon suimeanna atá dlite nó a bheidh dlite ón gCuideachta trí tháillí nó luach saothair eile maidir leis na seirbhísí a sholáthair siad do na Stiúrthóirí siúd ar theip orthu.
12. Chun críocha Airteagail 9 go 11, measfar nach ndearna na Stiúrthóirí, i gcás cruinniú ina bhfuil rún le beartú mar rún speisialta, cruinniú a thionól mar is ceart mura dtugann siad an fógra sin ina leith, faoi mar a cheanglaítear in Alt 181 den Acht.
13. Tionólfar cruinniú a thionóltar faoin Airteagal 9 nó 11 ar an mbealach céanna, a mhéid is féidir, ina ndéanfaidh na stiúrthóirí cruinnithe a thionól.
14. Beidh cathaoirleach bhord na stiúrthóirí i gceannas mar chathaoirleach ag gach cruinniú ginearálta na Cuideachta, nó murab ann don chathaoirleach sin, nó mura bhfuil sé nó sí i láthair laistigh de 15 nóiméad i ndiaidh an ama a cheaptar chun an cruinniú a chur ar bun nó mura mbeidh sé nó sí toilteanach gníomhú, toghfaidh na stiúrthóirí atá i láthair duine dá líon chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.
15. Mura bhfuil aon stiúrthóir toilteanach gníomhú mar chathaoirleach nó mura bhfuil aon stiúrthóir i láthair ag aon chruinniú laistigh de 15 nóiméad i ndiaidh an ama a cheaptar chun an cruinniú a chur ar bun, féadfaidh na comhaltaí atá i láthair duine dá líon a roghnú chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.
16. Féadfaidh an cathaoirleach, le toiliú aon chruinnithe a bhfuil córam i láthair ann agus déanfaidh an cathaoirleach, má ordaíonn an cruinniú amhlaidh, an cruinniú a chur ar atráth ó thráth go tráth agus ó áit go háit. Ní dhéanfar aon ghnó, áfach, ag aon chruinniú a cuireadh ar athráth, seachas an gnó nár tugadh chun críche ag an gcruinniú ónar tharla an t-athráthú. Nuair a chuirtear cruinniú ar athráth ar feadh 30 lá nó níos faide, tabharfar fógra maidir leis an gcruinniú a cuireadh ar athráth amhail i gcás cruinniú bunaidh ach, faoi réir sin, ní gá aon fhógra a thabhairt faoi athráth ná faoin ngnó a bheidh le déanamh ag cruinniú athrátha.
17. Mura n-éilítear vótáil i gcomhréir le hAirteagal 36, ag aon chruinniú ginearálta:
 - (a) déanfar cinneadh ar rún i dtaca le vótáil an chruinnithe trí lámha a thaispeáint; agus
 - (b) beidh dearbhú ón gcathaoirleach go ndearnadh, ar thaispeáint lámh, rún a rith, nó é a rith d’aonghuth nó ag tromlach áirithe, nó a chailleadh, agus taifead sa chéill sin

sa leabhar ina gcoimeádtar na miontuairiscí ar imeachtaí na Cuideachta, ina fhianaise dhochloíte go ndearnadh amhlaidh, gan cruthúnas ar líon nó cion na vótaí a tugadh i bhfabhar nó i gcoinne an rúin sin.

18. Sa chás gurb ann do neamhionannas vótaí, cé acu trí lámha a thaispeáint nó trí vótaí a chaitheamh, beidh cathaoirleach an chruinnithe ina n-éilítear lámha a thaispeáint nó ina gcaitear vótaí, i dteideal an dara vóta nó vóta réitigh a chaitheamh.
19. Faoi réir alt 193 den Acht (arna mhionathrú ag alt 1208 den Acht), beidh rún i scríbhinn atá sínithe ag gach duine de chomhaltaí na Cuideachta atá i dteideal, i dturas an ama, chun freastal agus vóta a chaitheamh ar an rún sin ag cruinniú ginearálta (nó ar comhlachtaí iad atá corpraithe ag a n-ionadaithe a ceapadh go cuí) chomh bailí agus chomh héifeachtach céanna ar gach cuspóir amhail a ritheadh an rún ag cruinniú ginearálta na Cuideachta a tionóladh go cuí agus a cuireadh ar bun go cuí agus má dhéantar cur síos air mar rún speisialta, measfar gurb ionann é agus rún speisialta laistigh de bhrí an Achta. D'fhéadfadh roinnt cáipéisí ina macasamhail d'fhoirm, a bhfuil gach ceann díobh sínithe ag comhalta amháin nó níos mó a bheith i gceist le haon rún i scríbhinn den sórt sin. Measfar gur ritheadh é ag cruinniú a bhí ar siúl ar an dáta a shínigh an comhalta deiridh a raibh sé le síniú aige/aici, agus, sa chás go luaitear dáta sa rún amhail a bheith mar an dáta a shínigh aon comhalta é, is ionann a bheith an ráiteas seo agus fianaise prima facie gur shínigh sé/sí é ar an dáta sin.

RÚIN

20. (a) Ní foláir an córas seo a leanas a chur i gcrích maidir le fógraí rúin le haghaidh an chruinnithe ginearálta bhliantúil:
 - (i) Tabharfaidh Rúnaí na Cuideachta réamhfógra i scríbhinn le dáta an chruinnithe ginearálta bhliantúil do na comhaltaí mar a shonraítear ag Airteagal 2(b) iad ocht seachtain ar a laghad roimh dháta an chruinnithe, ach má ráiníonn trí thimpiste go mbíonn comhalta nó comhaltaí díobh gan an réamhfógra seo a fháil ní bheidh an cruinniú ar neamhéifeacht;
 - (ii) Más áil le comhalta nó comhaltaí, mar atá sonraithe ag Airteagal 2(b), rún nó rúin a mholadh don chruinniú ginearálta bliantúil, ní foláir an rún nó na rúin a chur i scríbhinn faoi ainm nó ainmneacha na moltóirí, agus an rún nó na rúin sin a bheith sínithe ag Bord Bainistíochta na scoile nó na scoileanna atá i gceist agus a bheith tugtha i lámha an rúnaí sé sheachtain roimh dháta an chruinnithe;
 - (iii) Más áil le stiúrthóir nó stiúrthóirí de chuid na Cuideachta rún nó rúin a mholadh don chruinniú ginearálta bliantúil, ní foláir an rún nó na rúin a chur i scríbhinn faoi ainm nó ainmneacha na moltóirí, agus an rún nó na rúin sin a bheith sínithe go cuí agus a bheith tugtha i lámha an rúnaí sé sheachtain roimh dháta an chruinnithe;
 - (iv) Más áil le Coiste Comhairleach de chuid na Cuideachta rún nó rúin a mholadh don chruinniú ginearálta bliantúil, ní foláir an rún nó na rúin a chur i scríbhinn faoi ainm

an Choiste Comhairligh, agus an rún nó na rúin sin a bheith sínithe ag an Choiste agus a bheith tugtha i lámha an rúnaí sé sheachtain roimh dháta an chruinnithe;

- (v) Más áil le Réigiúin de chuid na Cuideachta rún nó rúin a mholadh don chruinniú ginearálta bliantúil, ní foláir an rún nó na rúin a chur i scríbhinn faoi ainm an Choiste Stiúrtha Réigiúin agus an rún nó na rúin sin a bheith sínithe ag an Choiste agus a bheith tugtha i lámha an rúnaí sé sheachtain roimh dháta an chruinnithe;
 - (vi) Más áil leis an mBord Stiúrthóirí rún nó rúin a mholadh don chruinniú ginearálta bliantúil, ní foláir an rún nó na rúin a chur i scríbhinn faoi ainm an Uachtaráin, agus an rún nó na rúin sin a bheith sínithe go cuí agus a bheith tugtha i lámha an rúnaí sé sheachtain roimh dháta an chruinnithe;
 - (vii) Bunóidh an Bord Stiúrthóirí fochoiste faoi leith chun scagadh a dhéanamh ar na rúin agus iad a leasú de réir mar is cuí, tar éis dul i gcomhairle le moltóirí na rún, sula gcuirfear iad faoi bhráid an chruinnithe ginearálta.
- (b) Ag aon chruinniú ginearálta, déanfar rún a chuirfear faoi vóta an chruinnithe a chinneadh le taispeáint lámh ach amháin i gcás vótaíocht a éileamh (roimh an taispeáint lámh nó tar éis a toradh a fhógairt):
- (i) Ag an Uachtarán; nó
 - (ii) Ag moltóir an Rúin; nó
 - (iii) Ag deichniúr n-ionadaí ar a laghad a bheidh i láthair go pearsanta.

Féadfar an t-éileamh ar vótaíocht a tharraingt siar.

Mura rud é go n-éileofar vótaíocht amhlaidh, beidh dearbhú ón Uachtarán go ndearnadh, ar thaispeáint lámh, rún a rith, nó é a rith d'aon ghuth nó ag tromlach áirithe, nó a chailleadh, agus taifead sa chiall sin sa leabhar ina gcoimeádfar na miontuairiscí ar imeachtaí na Cuideachta, ina fhianaise dhochloíte go ndearnadh amhlaidh, gan cruthúnas ar líon nó cionúireacht na vótaí a tugadh i bhfabhar nó i gcoinne an rúin sin.

- (c) Sa chás nach bhfuil ionadaí i láthair, ainmnithe faoin Airteagal 4(d), ag an gcruinniú ginearálta thar ceann an chomhalta a mholann rún faoin Airteagal 20(a) chun an rún a chur i láthair, ní rithfear an rún.
- (d) Sa chás nach bhfuil stiúrthóir a mholann rún faoin Airteagal 20(a)(iii) i láthair ag an gcruinniú ginearálta chun an rún a chur i láthair, ní rithfear an rún.
- (e) Sa chás nach bhfuil ionadaí i láthair ag an gcruinniú ginearálta thar ceann an Choiste Comhairligh a mholann rún faoin Airteagal 20(a)(iv) chun an rún a chur i láthair, ní rithfear an rún.

- (f) Sa chás nach bhfuil ionadaí i láthair ag an gcuinniú ginearálta thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiún a mholann rún faoin Airteagal 20(a)(v) chun an rún a chur i láthair, ní rithfear an rún.

FÓGRA MAIDIR LE CRUINNITHE GINEARÁLTA

21. Déanfar cruinniú na Cuideachta, seachas cruinniú a cuireadh ar atráth, a ghairm sna cásanna a leanas:
- (a) i gcás cruinniú ginearálta bliantúil nó cruinniú ginearálta urghnách chun rún speisialta a rith, i ndiaidh fógra 21 lá, ar a laghad, a thabhairt;
 - (b) i gcás aon chruinnithe ghinearálta urghnách eile, i ndiaidh fógra 7 lá, ar a laghad, a thabhairt.
22. Measfar go ndearnadh cruinniú na Cuideachta, in ainneoin go ndéantar é a ghairm i ndiaidh fógra níos giorra a thabhairt ná mar a shonraítear in Airteagal 21, a ghairm go cuí má chomhaontaítear amhlaidh:
- (a) ag gach duine de na comhaltaí atá i dteideal chun freastal ar an gcuinniú agus chun vóta a chaitheamh ar an gcuinniú; agus
 - (b) mura bhfuil aon iniúchóirí reachtúla na Cuideachta ceaptha go fóill i ngeall go raibh fáil ag an gCuideachta ar an díolúine iniúchta, i measc iniúchóirí reachtúla na Cuideachta.
23. Sa chás go dtugtar fógra maidir le cruinniú tríd an bhfógra a sheoladh sa ghnáthphost réamhíoctha chuig seoladh cláraithe comhalta, measfar, ar an ábhar sin, gur tugadh an fógra ar éag 24 uair an chloig i ndiaidh an fógra a chur sa phost, ar mhaithe le haon saincheist maidir le cé acu ar tugadh nó nár tugadh an tréimhse cheart fógra don chruinniú sin.
24. Nuair a dheimhnítear cé acu ar thug nó nár thug fógra maidir le cruinniú an tréimhse cheart fógra, ní chuirfear an lá a sheirbheáiltear an fógra ná lá an chruinnithe ar tugadh an fógra, san áireamh.
25. Sonrófar san fhógra i leith cruinniú an méid a leanas:
- (a) áit, dáta agus am an chruinnithe;
 - (b) cineál ginearálta an ghnó atá le déanamh ag an gcuinniú;
 - (c) i gcás rún speisialta a bheartaítear, téacs nó substaint an rún speisialta sin a bheartaítear; agus
 - (d) ráiteas ina bhfuil an tsuntasacht réasúnta:

- (i) go bhfuil comhalta atá i dteideal freastal agus vóta a chaitheamh i dteideal seachvótálaí a cheapadh tríd an bhfoirm a leagtar amach in Alt 184 den Acht a úsáid nó, sa chás go gceadaítear sin, seachvótálaí amháin nó níos mó, chun freastal, labhairt agus vótáil ina (h)ionad;
- (ii) nach gá gur comhalta seachvótálaí;
- (iii) is amhlaidh atá an t-am nach mór an seachvóta a bheith faighte faoi ag oifig chláraithe na Cuideachta nó ag áit éigin eile laistigh den Stát agus an t-am sin atá sonraithe sa ráiteas don chuspóir sin.

26. Ní dhéanfar na himeachtaí ag an gcrúinniú a neamhbhailiú i ngeall ar neamhghníomh taismeach chun fógra a thabhairt do, nó neamhfháil fógra maidir le cruinniú ag, aon duine atá i dteideal fógra a fháil.

VÓTAÍ COMHALTAÍ

27. Sa chás go bhfuil cinneadh á dhéanamh ar cheist (cé acu trí lámha a thaispeáint nó trí vótáil), beidh vóta amháin ag gach comhalta i bpearsan atá i láthair agus ag gach seachvótálaí, ach ní bheidh breis agus vóta amháin ag aon chomhalta aonair.

28. Ní thabharfar aon chur in aghaidh chun solais maidir le cáiliú aon vótálaí seachas ag an gcrúinniú nó ag an gcrúinniú a cuireadh ar atráth ina dtugtar an vóta ar cuireadh ina aghaidh nó ina ndearnadh é a thairiscint, agus beidh gach vóta nach ndícheadaítear ag an gcrúinniú sin bailí ar gach cuspóir. Déanfar aon chur in aghaidh a rinneadh i dtráth cuí a chur faoi bhráid chathaoirleach an chruinnithe, a mbeidh a c(h)inneadh críochnaitheach agus conclúideach.

29. Is féidir vótaí a chaitheamh i bpearsan nó trí sheachvóta. Sa chás gurb ann do neamhionannas vótaí, cé acu trí lámha a thaispeáint nó trí vótaí a chaitheamh, beidh cathaoirleach an chruinnithe ina n-éilítear lámha a thaispeáint nó ina gcaitear vótaí, i dteideal an dara vóta nó vóta réitigh a chaitheamh.

SEACHVÓTÁLAITHE

30. Beidh comhalta den Chuideachta atá i dteideal freastal ar chruinniú na Cuideachta agus vóta a chaitheamh ann, i dteideal duine eile a cheapadh (bíodh comhalta i gceist leis/léi nó a mhalairt) mar a s(h)eachvótálaí agus vóta a chaitheamh ina (h)ionad. Beidh an ceart céanna ag seachvótálaí a cheaptar ar an mbealach sin a bhíonn ag an gcomhalta chun labhairt ag an gcrúinniú agus chun vóta a chaitheamh trí lámha a thaispeáint agus trí vótáil.

31. Beidh an ionstraim a cheapann seachvótálaí (“**Ionstraim an tSeachvótálaí**”) i scríbhinn

- (a) faoi lámh an cheapaí nó a (h)aturnae atá údaraithe go cuí i scríbhinn; nó
- (b) más comhlacht corpraithe an ceapaí, cé acu faoi shéala an chomhlachta chorpraithe

nó faoi lámh oifigigh nó aturnae dá chuid atá údaraithe go cuí i scríbhinn.

32. Taiscfear Ionstraim an tSeachvótálaí agus an chumhacht aturnae nó an t-údarás eile, más ann dó, faoinar síníodh é nó cóip atá deimhnithe ag nótaire den chumhacht nó den údarás sin, ag oifig chláraithe na Cuideachta nó ag an áit eile sin laistigh den Stát a shonraítear chun na críche sin san fhógra a thionólann an cruinniú, agus taiscfear é tráth nach déanaí ná an t-am a leanas:-
- (a) 48 uair an chloig roimh an am a chuirfear an cruinniú nó an cruinniú a cuireadh ar atráth ar bun ag a mbeartaíonn an duine a ainmnítear san ionstraim vóta a chaitheamh; nó
- (b) i gcás vótála, 48 uair an chloig roimh an am a cheaptar chun vótáil a dhéanamh.
33. Déanfar éifeacht a thabhairt do thaisceadh Ionstraim an tSeachvótálaí, seachas go n-imríonn seoladh nó seachadadh na hionstraime tionchar uirthi, tríd an ionstraim a chur in iúl don Chuideachta ar bhealach leictreonach (faoi mar a shainítear in alt 2 den Acht) agus baineann an tAirteagal seo, ar an gcuma chéanna, le haon rud eile a thaisceadh dá dtagraítear san Airteagal réamhluaite.
34. Beidh ionstraim a cheapann seachvótálaí san fhoirm a leanas nó i bhfoirm atá chomh cosúil leis, faoi mar a cheadaíonn na cúinsí –

GAELOIDEACHAS (“an Chuideachta”)

Ceapann [Ainm an Chomhalta] (“an Comhalta”) a chónaíonn ag [Seoladh an Chomhalta], ar comhaltaí é/í den Chuideachta, leis seo, [ainm agus seoladh an tseachvótálaí] nó ina éagmais nó ina héagmais [ainm agus seoladh an tseachvótálaí eile] mar sheachvótálaí an Chomhalta atá le freastal, le labhairt agus le vóta a chaitheamh don Chomhalta thar ceann an Chomhalta ag cruinniú ginearálta (bliantúil nó urghnách, de réir mar a bheidh) na Cuideachta atá le bheith ar siúl an [dáta an chruinnithe] agus ag aon atráth den chruinniú.

Is é an seachvótálaí a bhfuil vóta le caitheamh aige/aici:-

Treoracha maidir le vótáil don seachvótálaí

(Tá an rogha le marcáil le “X”)

Líon nó cur síos ar an rún:	I bhFabhar	Staonadh	I gCoinne
1.			
2.			
3.			

Mura n-ordaítear a mhalairt, caithfidh an seachvótálaí de réir mar a mheasann sé nó sí is cuí.

Síniú an Chomhalta.....

Dar dáta [dáta]

VÓTA A CHAITHEAMH I VÓTÁIL

35. Ag cruinniú, féadtar vótáil a éileamh maidir le ceist (cé acu roimh nó ar dhearbhú thoradh na taispeána lámh a bhaineann léi).

36. Is féidir leo seo a leanas éileamh ar vótáil a dhéanamh:

- (a) cathaoirleach an chruinnithe;
- (b) ar a laghad triúr chomhalta atá i láthair i bpearsan nó seachvótálaí;
- (c) aon chomhalta nó comhaltaí i bpearsan nó trí sheachvótálaí agus a bhfuil níos lú ná 10% acu de chearta iomlána vótála chomhaltaí uile na Cuideachta atá i gceist a bhfuil an ceart chun vótála acu ag an gcruinniú.

37. Féadfaidh an duine nó na daoine a rinne an t-éileamh éileamh ar an vótáil sin a aistarraingt. Faoi réir Airteagal 39, má éilítear vótáil, tabharfar fúithi ar an mbealach sin a ordáíonn cathaoirleach an chruinnithe, agus measfar gurb ionann toradh na vótála agus an rún, maidir leis an gceist a bhíonn faoi chaibidil, de chuid an chruinnithe inar éilíodh an vótáil.

38. Tabharfar faoi vótáil a éilíodh maidir le cathaoirleach a thoghadh nó maidir le ceist atráth láithreach bonn.

39. Tabharfar faoi vótáil ar aon cheist eile ag an tráth sin a ordáíonn cathaoirleach an chruinnithe, agus féadtar leanúint ar aghaidh le haon ghnó eile seachas leis an ngnó sin ar éilíodh vótáil ina thaobh, ar feitheamh an vótáil a dhéanamh.

40. Measfar, chomh maith leis sin, go ndéanfaidh an ionstraim a cheapann seachvótálaí chun vóta a chaitheamh ag cruinniú na Cuideachta údarás a bhronnadh chun vótáil a éileamh nó chun bheith páirteach i vótáil a éileamh, agus chun críocha Airteagail 35 agus 36, is ionann éileamh ag duine a fheidhmíonn mar sheachvótálaí do chomhalta agus éileamh a rinne an comhalta.

41. I dtaobh vótáil a dhéantar ag cruinniú na Cuideachta nó ag cruinniú aon aicme de chomhaltaí na Cuideachta, ní gá do chomhalta, cé acu má bhíonn sé/sí i láthair i bpearsan nó trí sheachvótálaí, atá i dteideal breis agus vóta amháin a chaitheamh, an méid a leanas a dhéanamh má chaitheann sé nó sí vóta:-

- (a) a vótaí go léir a úsáid; nó
- (b) na vótaí go léir a úsáideann sé nó sí a chaitheamh ar an mbealach céanna.

STIÚRTHÓIRÍ

42. Ní bheidh aon luach saothair iníoctha faoi aon chúinsí le haon duine de na Stiúrthóirí maidir lena s(h)eirbhísí mar Stiúrthóir, nó ar aon Choiste de na Stiúrthóirí ar féidir na Stiúrthóirí cumhachtaí a tharmligean dóibh faoin Airteagal 52. Féadtar gach costas taistil, óstáin agus costas eile a íoc leis na Stiúrthóirí a thabhaíonn siad go cuí i bhfreastal ar agus i bhfilleadh ó chruinnithe na Stiúrthóirí nó aon choiste de chuid na Stiúrthóirí nó aon chruinnithe ginearálta de chuid na Cuideachta nó a bhaineann le gnó na Cuideachta ar bhealach eile.
43. Tionólfaidh an Bord Stiúrthóirí cúig cinn de chruinnithe ar a laghad gach bliain.
44. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh a ghlacadh ag am ar bith cruinniú nó cruinnithe den Bhord Stiúrthóirí a ghairm le haghaidh gnó ar bith de chuid na Cuideachta a phlé nó le rún a mheas, agus is féidir an cinneadh seo a ghlacadh ag cruinniú de chuid na stiúrthóirí nó trí rún i scríbhinn arna shíniú ag dhá thrían de na stiúrthóirí agus fógra deich lá glan ar a laghad a bheith tugtha do na stiúrthóirí agus gnó an chruinnithe sonraithe go beacht sa bhfógra sin.
45. Féadfaidh an tUachtarán, nó féadfaidh cruinniú de na hoifigigh, cruinniú den Bhord Stiúrthóirí a ghairm ag am ar bith ach fógra deich lá glan ar a laghad ina mbeidh gnó an chruinnithe sonraithe go beacht, a thabhairt do na stiúrthóirí go léir.
46. Féadfaidh na stiúrthóirí teacht le chéile chun gnó a chur i gcrích, agus féadfaidh siad a gcrúinnithe a chur ar atráth agus a rialú thairis sin mar is cuí leo. Déanfar ceisteanna a éireoidh ag aon chruinniú a chinneadh le tromlach simplí vótaí. I gcás combhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an Uachtarán.
47. Ní dhéanfar aon chinneadh ag cruinniú den Bhord Stiúrthóirí gan córam a bheith i láthair. Is é leath de líon na stiúrthóirí reatha móide duine amháin an córam.
48. Féadfaidh an Chuideachta gach costas taistil, lóistín agus aon chostas eile a íoc leis na stiúrthóirí nó na combhaltaí nó a n-ionadaithe fhad is a tharraingeofar na costais sin orthu trí bheith ag freastal ar nó ag filleadh ó chruinnithe stiúrthóirí nó aon chruinnithe de choiste stiúrthóirí nó aon chruinnithe eile a bhaineann leis an gCuideachta nó le haon ghnó eile a bhaineann le gnó na Cuideachta agus atá ceadaithe go cuí ag an mBord Stiúrthóirí nó ag cruinniú ginearálta.
49. Féadfaidh na stiúrthóirí na cumhachtaí uile a fheidhmiú a bheidh ag an gCuideachta chun airgead a fháil ar iasacht, agus chun a ghnóthas agus a mhaoin nó aon chuid den ghnóthas agus den mhaoin chéanna, a mhorgáistiú nó a mhuirearú, agus chun bintiúir, agus urrúis eile eisiúint, go glan amach nó mar urrús ar aon fhiach, dliteanas nó oibleagáid de chuid na Cuideachta nó aon tríú páirtí.
50. Más rud é ag aon chruinniú nach mbeidh an tUachtarán nó an LeasUachtarán i láthair faoi cheann 15 nóiméad i ndiaidh an ama a ceapadh chun an chruinniú a thionól, féadfaidh na

stiúrthóirí a bheidh i láthair duine dá líon féin a roghnú chun bheith ina chathaoirleach ar an gcruinniú nó go dtagann an tUachtarán nó an LeasUachtarán.

51. Beidh rún i scríbhinn arna shíniú ag na stiúrthóirí go léir a bheidh de thuras na huaire i dteideal fógra a fháil faoi chruinniú de na stiúrthóirí chomh bailí agus dá mbeadh sé arna rith ag cruinniú de na stiúrthóirí a comóradh agus a tionóladh go cuí.
52. Féadfaidh na stiúrthóirí aon chumhachtaí dá gcuid a tharmligean chun fochoistí ar a mbeidh comhalta amháin den bhord ar a laghad agus ar a mbeidh comhaltaí nach stiúrthóirí ná comhaltaí den Chuideachta ná de Choiste Comhairleach iad, de réir mar a cheapfaidh an bord. Féadfaidh gach fochoiste comhaltaí eile a chomhthoghadh nach stiúrthóirí ná comhaltaí den Chuideachta ná de Choiste Comhairleach iad. Beidh gach coiste freagrach don Bhord Stiúrthóirí. Beidh an tUachtarán agus an tArdfheidhmeannach ina mbaill ex- officio de gach fochoiste.
53. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí cuireadh a thabhairt d'aon duine nach stiúrthóir ná comhalta den Chuideachta ná den choiste comhairleach é nó í freastal ar chruinniú den bhord gan cead vótála.
54. Ní bheidh aon stiúrthóirí fostaithe ag an gCuideachta i gceapaíocht eile, ná ní bheidh aon fhostaí incheaptha mar stiúrthóir ar an gCuideachta.
55. Bainisteoidh na Stiúrthóirí gnó na Cuideachta, a íocfaidh gach costas a thabhaítear chun an Chuideachta a chur chun cinn agus a chlárú, agus féadfaidh siad gach cumhacht den sórt sin de chuid na Cuideachta nach gceanglaítear san Acht nó sna hAirteagail ar an gCuideachta a fheidhmiú i gcruinniú ginearálta, faoi réir, mar sin féin, fhorálacha an Achta agus na nAirteagal seo agus na n-orduithe siúd, nach bhfuil comhsheasmhach leis na forálacha a thuasluaitear, a fhéadfaidh an Chuideachta i gcruinniú ginearálta (trí rún speisialta) a thabhairt. Ní dhéanfaidh aon ordú den sórt sin a thugann an Chuideachta i gcruinniú ginearálta aon ghníomh de chuid na Stiúrthóirí a rinneadh roimhe seo a neamhbhailiú a bheadh bailí murar tugadh an t-ordú sin.
56. Gan dochar d'Alt 40 den Acht, féadfaidh na Stiúrthóirí aon chinn dá gcumhachtaí a tharmligean don duine nó do na daoine siúd a mheasann siad is cuí, coistí ina measc; cloífidh aon choiste den sórt sin, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tharmligear amhlaidh, le haon rialacháin a fhéadfadh na Stiúrthóirí a cheangal air.
57. Déanfar gach seic, nóta gealltanais, dréachtaí, billí malartaithe agus ionstraimí inaistrithe eile, agus gach fáltas ar airgead a íoctar leis an gCuideachta a shíniú, a dhréachtú, a ghlacadh, a fhormhuiniú nó a fhorghníomhú ar bhealach eile, de réir mar a bheidh, ag an duine nó na daoine agus ar an mbealach sin a chinnfidh na Stiúrthóirí ó thráth go tráth trí rún.
58. Cuirfidh an Chuideachta faoi deara miontuairiscí a iontráil i leabhair a choimeádtar do na cuspóirí a leanas:-

- (a) ceapadh gach oifigigh a dhéanann na Stiúrthóirí;
- (b) ainmneacha na Stiúrthóirí a bhíonn i láthair ag gach cruinniú de chuid na Stiúrthóirí agus aon choiste de chuid na Stiúrthóirí;
- (c) gach rún agus nós imeachta ag gach cruinniú de chuid na Cuideachta agus de chuid na Stiúrthóirí agus choistí na Stiúrthóirí.

CUMHACHTAÍ ATURNAE

59. Féadfaidh an Chuideachta an chumhacht a bhronnadh ar aon duine, cé acu go ginearálta nó maidir le haon cheisteanna sonrath, mar a haturnae, chun gníomhais a fhorghníomhú nó chun aon cheist eile a dhéanamh thar a ceann in aon áit cé acu taobh istigh nó amuigh den Stát. Beidh gníomhas a shíníonn an t-aturnae sin thar ceann na Cuideachta ina cheanglas ar an gCuideachta agus beidh an tionchar céanna aige a bheadh aige dá mbeadh sé faoi shéala coitianta.

DÍCHÁILIÚ STIÚRTHÓIRÍ

60. Anuas ar na cúinsí a leagtar amach in Alt 148(2) den Acht, déanfar oifig an Stiúrthóra a fhágáil má chuireann Stiúrthóir deireadh le bheith cáilithe do phost iontaobhaithe carthanais/comhalta feidhmiúcháin faoi Alt 55 d'Acht na gCarthanas 2009.

ROTHLÚ STIÚRTHÓIRÍ

61. Féadfaidh an Chuideachta, ag cruinniú óna dtéann Stiúrthóir as oifig ar bhealach a thuasluaitear, an oifig fholamh a líonadh trí dhuine a thoghadh san oifig, agus mura ndéanann an Chuideachta amhlaidh, measfar go ndearnadh an Stiúrthóir, má dhéanann sé/sí é/í féin a thairiscint le haghaidh atofa, a atoghadh, mura (a) ag an gcruinniú sin go mbeartaítear go sainráite gan an oifig fholamh sin a líonadh; nó (b) cuireadh beartú le haghaidh atogadh an Stiúrthóra sin faoi bhráid an chruinnithe agus níor éirigh leis.

62. Ní bheidh aon duine, seachas Stiúrthóir a imíonn as oifig ag an gcruinniú, mura molann na Stiúrthóirí, i dteideal bheith tofa le hoifig Stiúrthóra ag aon chruinniú ginearálta mura, tráth nach lú ná nó nach mó ná fiche a haon lá roimh an dáta a ceapadh don chruinniú, gur fágadh ag oifig chláraithe na Cuideachta (a) fógra i scríbhinn, atá sínithe ag comhalta atá cáilithe go cuí chun freastal ar agus vóta a chaitheamh ag an gcruinniú dá dtugtar an fógra, go bhfuil sé ar intinn aige/aici an duine sin a bheartú le haghaidh tofa, agus (b) fógra i scríbhinn atá sínithe ag an duine atá i gceist go bhfuil sé/sí toilteanach a bheith tofa.

63. Féadfaidh an Chuideachta, ó thráth go tráth, trí ghnáthrún, an líon Stiúrthóirí a mhéadú nó a laghdú, agus féadfaidh sí, chomh maith leis sin, a dheimhniú cén rothlú ina bhfuil an líon méadaithe nó laghdaithe le dul as oifig.

64. Féadfaidh an Chuideachta, trí ghnáthrún ar tugadh fógra sínte ina leith i gcomhréir le hAlt 146 den Acht, chun aon Stiúrthóir a bhaint roimh éag a t(h)réimhse oifige, in ainneoin an ruda eile sna hAirteagail seo nó in aon chomhaontú idir an Chuideachta agus an stiúrthóir

sin. Ní dhéanfaidh an bhaint sin dochar d'aon éileamh a d'fhéadfadh bheith ag an stiúrthóir sin ar dhamáistí i ngeall ar shárú aon chonartha seirbhíse idir é/í féin agus an Chuideachta.

65. Féadfaidh an Chuideachta, trí ghnáthrún, duine eile a cheapadh in ionad Stiúrthóra a baineadh ó oifig faoin Airteagal 66. Gan dochar do chumhachtaí na Stiúrthóirí faoin Airteagal 68, féadfaidh an Chuideachta, le linn cruinniú ginearálta, aon duine a cheapadh bheith mar Stiúrthóir, chun folúntas ócáideach a líonadh nó mar Stiúrthóir breise.
66. Féadfaidh na Stiúrthóirí, ag aon tráth, aon duine a cheapadh le bheith mar Stiúrthóir den Chuideachta, cé acu chun folúntas ócáideach a líonadh nó mar Stiúrthóir breise leis na Stiúrthóirí reatha, ach ní sháróidh líon iomlán Stiúrthóirí na Cuideachta, ag aon tráth, an líon, más ann dó, dá bhforáiltear sna hAirteagail seo. Ní shealbhóidh aon Stiúrthóir a cheaptar amhlaidh oifig ach go dtí an chéad chruinniú ginearálta bliantúil eile, agus beidh sé/sí incháilithe le haghaidh atofa ansin.

IMEACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ

67. Féadfaidh na Stiúrthóirí casadh le chéile chun gnó a riar, a gcrúinnithe a chur ar atráth agus a rialáil ar bhealach eile, faoi mar a mheasann siad is cuí. Déanfar cinneadh ar cheisteanna a thagann chun solais ag aon chruinniú trí thromlach vótaí. I gcás comhionannas vótaí, beidh an cathaoirleach i dteideal an dara vóta nó vóta réitigh a chaitheamh. Féadfaidh Stiúrthóir, agus an Rúnaí, ar fhoréileamh Stiúrthóra, ag aon tráth, cruinniú na Stiúrthóirí a ghairm. Má bheartaíonn na Stiúrthóirí amhlaidh, ní bheidh gá fógra a thabhairt maidir le cruinniú Stiúrthóirí d'aon Stiúrthóir, a bhfuil cónaí air/uirthi sa Stát, ach atá as láthair ón Stát i dturas an ama.
68. Féadfaidh na Stiúrthóirí leantacha gníomhú in ainneoin aon fholúntais ina líon ach, má laghdaítear agus a fhad a laghdaítear a líon faoi bhun an lín a shocraítear ag an Acht nó de bhun an Achta mar an líon riachtanach Stiúrthóirí, féadfaidh na Stiúrthóirí nó an stiúrthóir leantach gníomhú ar mhaithe leis an líon Stiúrthóirí a mhéadú aníos chuig an líon sin nó ar mhaithe le cruinniú ginearálta na Cuideachta a thionól, ach ar chuspóir ar bith eile.
69. Mura bhfuil an cathaoirleach i láthair ag aon chruinniú laistigh de 15 nóiméad i ndiaidh an ama a cheaptar chun an cruinniú a chur ar bun, féadfaidh na Stiúrthóirí atá i láthair duine dá líon a roghnú chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcrúinniú.
70. Féadfaidh na Stiúrthóirí cathaoirleach aon Choiste a cheapadh; mura gceaptar aon chathaoirleach den sórt sin, nó mura bhfuil an cathaoirleach i láthair ag aon chruinniú de chuid Coiste laistigh de chúig nóiméad déag i ndiaidh an ama a cheaptar chun an cruinniú a chur ar bun, féadfaidh comhaltaí an choiste atá i láthair duine dá líon a roghnú chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcrúinniú.
71. Féadfaidh coiste casadh lena chéile agus cruinniú a chur ar atráth de réir mar a mheasann sé is cuí. Déanfar cinneadh ar cheisteanna a eascraíonn as aon chruinniú coiste trí thromlach vótaí chomhaltaí an choiste atá i láthair, agus sa chás gurb ann do neamhionannas vóta, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach.

72. Beidh gach gníomh a dhéantar trí aon chruinniú de chuid na Stiúrthóirí nó ag aon duine a ghníomhaíonn mar chomhalta de na Stiúrthóirí nó d'aon Choiste, dá ainneoin gur dealraitheach ina dhiaidh go raibh locht éigin ar cheapadh aon duine den sórt sin a ghníomhaíonn ar an mbealach thuasluaite, nó go raibh sé nó sí nó aon duine de na Stiúrthóirí dícháilithe, chomh bailí céanna amhail a ceapadh gach duine siúd go cuí.
73. Beidh rún i scríbhinn, atá sínithe ag na Stiúrthóirí go léir atá i dteideal, i dturas an ama, fógra a fháil maidir le cruinniú na Stiúrthóirí, chomh bailí céanna amhail a ritheadh é ag cruinniú na Stiúrthóirí a tionóladh agus a cuireadh ar bun go cuí. D'fhéadfadh roinnt cáipéisí ina macasamhail d'fhoirm, a bhfuil gach ceann díobh sínithe ag comhalta amháin nó níos mó de na Stiúrthóirí a bheith i gceist le haon rún i scríbhinn den sórt sin agus beidh éifeacht aige, ar gach cuspóir, ón tráth a shínigh an stiúrthóir deiridh é.
74. D'fhéadfadh comhdháil idir roinnt de na Stiúrthóirí nó na Stiúrthóirí go léir nó, de réir mar a bheidh, comhaltaí an choiste nach bhfuil in aon áit amháin, ach a bhfuil ar chumas gach duine díobh (go díreach nó trí mheán cumarsáid teileafóin, físchumarsáide nó trí chumarsáid leictreonach eile) labhairt le gach duine de na daoine eile agus ar féidir le gach duine de na daoine eile iad a chloisteáil, a bheith i gceist le cruinniú na Stiúrthóirí nó cruinniú coiste a bhunaigh na Stiúrthóir, agus –
- (a) measfar go bhfuil Stiúrthóir nó comhalta an choiste a ghlacann páirt ina leithéid de chomhdháil i láthair i bpearsan ag an gcruinniú agus beidh sé/sí i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheith curtha san áireamh i líon dá réir; agus
 - (b) measfar go gcuirtear an cruinniú sin ar bun –
 - (i) sa chás go ndéantar an grúpa is mó díobh siúd a ghlacann páirt sa chomhdháil a thionól;
 - (ii) murab ann don ghrúpa sin, san áit a bhfuil cathaoirleach an chruinnithe ag an tráth sin;
 - (iii) mura mbaineann fomhír (i) nó (ii), sa láthair sin a chinneann an cruinniú féin.

RÚNAÍ

75. Ceapfaidh na Stiúrthóirí an Rúnaí don téarma sin agus ar an luach saothair sin agus ar na coinníollacha sin a mheasann siad is cuí; agus féadfaidh siad aon Rúnaí a cheapann siad a bhaint.
76. Ní shásófar foráil an Achta nó na nAirteagal seo a cheanglaíonn nó a údaraíonn go ndéanfaidh Stiúrthóir agus an Rúnaí rud éigin nó go ndéanfaí leo é má dhéanann an duine céanna é atá ag gníomhú mar Stiúrthóir agus mar, nó ionad, an Rúnaí araon.

SÉALA

77. Ní úsáidfeair an séala ach faoi údarás na Stiúrthóirí nó coiste na Stiúrthóirí a údaraíonn na Stiúrthóirí ina leith sin, agus déanfar gach ionstraim ar a gcuirtear an séala
- (a) a shíniú ag Stiúrthóirí dá chuid nó ag duine éigin eile a ceapadh chun na críche seo ag a Stiúrthóirí nó ag iar-choiste Stiúrthóirí; agus
 - (b) a chomhshíniú ag an Rúnaí nó ag an dara Stiúrthóir dá chuid nó ag duine éigin eile a ceapadh chun na críche seo ag a Stiúrthóirí nó ag iar-choiste Stiúrthóirí.

CUNTAIS

78. Cuirfidh na Stiúrthóirí faoi deara go gcoimeádtar taifid leordhóthanacha chuntasaíochta. Measfar gur coimeádadh taifid leordhóthanacha chuntasaíochta má chomhlíonann siad Alt 282(1) go dtí 282(3) den Acht agus má mhínítear iontu idirbhearta na Cuideachta agus má éascaíonn siad ullmhú ráitis airgeadais ina dtugtar léiriú fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta.
79. Coimeádfar taifid chuntasaíochta ag an oifig chláraithe nó, faoi réir Alt 283 den Acht, ag an áit eile sin a mheasann na Stiúrthóirí gur cuí, agus beidh siad ar oscailt ag gach tráth réasúnta go ndéanfaidh oifigigh na Cuideachta agus daoine eile atá i dteideal de bhun an Achta, chun iniúchadh a dhéanamh orthu.
80. Deimhneoidh na Stiúrthóirí, ó thráth go tráth, cé acu agus a mhéid agus cé na tráthanna agus áiteanna agus faoi cé na coinníollacha nó rialáil go mbeidh ráitis airgeadais agus taifid chuntasaíochta na Cuideachta nó aon chinn díobh ar oscailt go ndéanfaidh a comhaltaí, nach Stiúrthóirí iad, iniúchadh orthu. Ní bheidh aon cheart ag aon chomhalta (nach Stiúrthóir é/í) chun iniúchadh a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais nó taifead cuntasaíochta de chuid na Cuideachta seachas faoi mar a bhronntar an ceart sin orthu i reacht, an Bunreacht sin nó má údaraíonn na Stiúrthóirí nó an Chuideachta amhlaidh i gcruinniú ginearálta.
81. Cuirfidh na Stiúrthóirí faoi deara, i gcomhréir leis an Acht, go ndéanfar ráitis reachtúla airgeadais na Cuideachta, tuarascáil na Stiúrthóirí maidir leis na ráitis siúd agus tuarascáil reachtúil an iniúchára ar na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí siúd a ullmhú agus a chur faoi bhráid chruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta, faoi mar a cheanglaítear san Acht go ndéanfar iad a ullmhú agus a chur faoi bhráid chruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta.
82. Cuirfeair cóip de ráitis reachtúla airgeadais na Cuideachta, tuarascáil na Stiúrthóirí maidir leis na ráitis siúd agus tuarascáil sin an iniúchára ar na ráitis airgeadais agus tuarascáil siúd na Stiúrthóirí, tráth nach lú ná fiche a haon lá roimh dháta an chruinnithe ghinearálta bhliantúil, faoi bhráid gach duine atá i dteideal faoi Alt 338(1) den Acht iad a fháil.

INIÚCHADH

83. Ceapfar iniúcháirí agus déanfar a ndualgais a rialáil i gcomhréir le Caibidlí 18 agus 19 de Chuid 6 den Acht.

FÓGRAÍ

84. Féadfaidh an Chuideachta fógra a thabhairt d'aon chomhalta cé acu i bpearsan nó trí é a sheoladh sa phost nó trí bhealach leictreonach (faoi mar a shainítear in alt 2(1) den Acht) chuig an gcomhalta ag a s(h)eoladh cláraithe poist nó ríomhphoist (nó, mura bhfuil an seoladh cláraithe amhlaidh, chuig seoladh nó seoladh ríomhphoist an chomhalta is déanaí ar cuireadh an Chuideachta ar an eolas air). Beidh feidhm ag Alt 218(5) den Acht.

TEANGA FEIDHMIÚCHÁIN NA CUIDEACHTA

85. Is trí Ghaeilge a dhéanfar gnó na Cuideachta a oiread agus is indéanta sin.

SINNE, na daoine leithleacha a bhfuil ár n-ainmneacha agus ár seoltaí foscríofa, is mian linn go ndéanfaí cuideachta dinn de bhun an Bhunreachta seo.

AINMNEACHA, SEOLTAÍ AGUS TUAIRISCÍ NA SÍNITHEOIRÍ

Vivian Uíbh Eachach 32 Bóthar Chammaí Íochtar Cros an Araldaigh <u>Baile Átha Cliath 6 (Thiar)</u>	Aistritheoir
Iarla Mac Aodha Bhuí Troscaí Thiar Bearna <u>Gaillimh</u>	Teicneoir
Mícheál Ó Riabhaigh 40 Gleann Aibhne Bóthar an Ghoirt <u>Inis, Co an Chláir</u>	Bainisteoir Ríomhaireachta
Dónall Ó Conaill 92 Bóthar Seannaigh Ráth Eanaigh <u>Baile Átha Cliath 5</u>	Múinteoir
Catherine Gibson 204 Ascaill Uí Ghríofa <u>Baile Átha Cliath 9</u>	Múinteoir
Niall Ó Murchadha An Cnocán Glas An Spidéal <u>Co na Gaillimhe</u>	Príomhoide Bunscoile
Dónal Ó hAiniféin 31 Na Cluainte Thiar Bóthar an Chláir <u>Inis, Co an Chláir</u>	Príomhoide Scoile
Helmi Saidléar 120 Sean Bhóthar Fionnghlaise <u>Baile Átha Cliath 11</u>	Tuismitheoir
Máire Ní Shlatara 26 Plasóg na Seimre Bóthar na Sceiche Airde <u>Corcaigh</u>	Múinteoir
Fionnuala Ní Chaisil 23 Radharc an tSeiceamair Caisleán Cnucha <u>Baile Átha Cliath 15</u>	Múinteoir

Arna dhátú an 6ú lá seo de Shamhain 1999

Finné leis na sínithe anseo thuas:

Dáithí Ó Maolchoille

75 Páirc Weston

Baile Átha Cliath 14

Cuntasóir Cairte